

GA

GA

GA



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 15.9.2010
COIM(2010) 482 leagan deireanach

2010/0251 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa

{SEC(2010) 1055}

{SEC(2010) 1056}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is éard is díol folamh urrús ann cleachtas trína ndíolann duine nádúrtha nó dlítheanach urrús nach bhfuil faoina úinéireacht agus é mar rún aige urrús comhionann a athcheannach tráth níos déanaí. Tá an cleachtas seo seanbhunaithe agus coitianta i bhformhór na margaí airgeadais. Baineann an díol folamh le scaireanna den chuid is mó ach d'fhéadfadh sé tarlú freisin i gcás cineálacha eile ionstraimí airgeadais.

Is féidir díol folamh a roinnt in dhá chineál: díol folamh urraithe nuair atá an t-urrús faighte ar iasacht ag an díoltóir, nó socruithe déanta aige lena áirithiú gur féidir é a fháil ar iasacht roimh an díol folamh; díol folamh neamhurraithe nuair nach bhfuil na hurrúis faighte ar iasacht ag an díoltóir tráth an díola fholaimh nó nuair nach bhfuil socruithe déanta aige lena áirithiú gur féidir iad a fháil ar iasacht.

Tá rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh a dhéanann díol folamh agus úsáidtear díol folamh chun críoch éagsúil, e.g. fálú, amhantraíocht, arbatráiste agus cruthú margaidh.

I lár na géarchéime airgeadais i Meán Fómhair 2008, ghlac údaráis inniúla i roinnt Ballstát AE agus Stáit Aontaithe Mheiriceá bearta éigeandála chun srian nó toirmeasc a chur ar dhíol folamh i gcás urrús áirithe nó i gcás gach uile chineál urrúis. Bhí beart á dhéanamh acu i ngeall ar inní go bhféadfadh díol folamh, tráth a raibh éagobhsaíocht mhór airgeadais ann, an cor chun donais i bpraghsanna scaireanna a dhéanamh níos measa, go háirithe in institiúidí airgeadais, ar shlí a d'féadfadh a n-inmharthanacht a chur i mbaol agus rioscaí sistéamacha a chruthú. Bhí bearta éagsúla á nglacadh ag na Ballstáit ar leith ós rud é nach bhfuil creat sonrathach ag an AE chun déileáil le saincheistanna a bhaineann le díol folamh.

Níos luaithe i mbliana, léirigh roinnt Ballstát inní faoin ról a d'fhéadfadh a bheith ag idirbhearta díorthacha, go háirithe babhtálacha mainneachtana creidmheasa (*Credit Default Swaps – CDS*), maidir leis na praghsanna ar bhannaí ceannasacha na Gréige. Tá srianta sealadacha nó buana glactha ar an leibhéal náisiúnta ag roinnt Ballstát, go háirithe an Ghearmáin agus an Ghréig, srianta a bhaineann le díol folamh scaireanna agus/nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa.

Tá smaoineamh á dhéanamh freisin ag Parlaimint na hEorpa ar cheistanna a bhaineann le díol folamh i ndáil leis an Treoir atá beartaithe maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (lena n-áirítear cistí fálaithe).

Cuireann an cur chuige ilroinnte atá ann faoi láthair i ndíol folamh agus i mbabhtálacha mainneachtana creidmheasa teorainn le héifeachtacht na maoirseachta, srian ar na bearta is féidir a fhorchur agus is cúis é le harbatráiste rialaitheach. D'fhéadfadh sé mearbhall a chruthú freisin sna margaí mar aon le costais agus deacrachtaí do na rannpháirtithe sa mhargadh.

Is é an tátal a bhí ar fhorhóir na staidéar a rinneadh go gcuidíonn díol folamh le héifeachtacht na margaí. Méadaíonn sé leachtacht an mhargaidh (de réir mar a

dhíolann an díoltóir folamh urrúis agus mar a cheannaíonn sé na hurrúis chomhionanna chun an díol folamh a urrú). Trí ligean d'infheisteoirí gníomhú nuair a chreideann siad go bhfuil urrús measta os cionn a luacha déantar urrúis a phraghsáil ar shlí níos éifeachtúla, cuidíonn sé le bolgáin eacnamaíochta a mhaolú agus d'fhéadfadh sé bheith ina tháscaire luath ar fhadhbanna atá ann a bhaineann leis an eisitheoir. Is uirlis thábhachtach atá ann a úsáidtear d'fhálú agus do ghníomhaíochtaí eile bainistíochta riosca agus do chruthú margaidh.

I roinnt cásanna, áfach, d'fhéadfadh díol folamh rioscaí áirithe a chruthú. Mar shampla, faoi dhálaí troma sa mhargadh tá baol ann go bhféadfadh díol folamh bheith ina chúis le titim rómhór ar phraghsanna, rud a chruthódh margadh mí-ordúil agus rioscaí sistéamacha. Thairis sin, mura bhfuil dóthain trédhearcachta ann faoi shuíomhanna gearra b'fhéidir nach mbeadh na rialtóirí in ann monatóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí d'ordúlacht an mhargaidh ná ar an úsáid a bhaineann le míchleachtas i straitéisí. Lena chois sin, d'fhéadfadh easpa trédhearcachta bheith ina cúis le neamhshiméadrachtaí faisnéise mura bhfuil rannpháirtithe eile sa mhargadh ar an eolas a ndóthain faoin tionchar atá ag díol folamh ar phraghsanna. I gcás díola fholaimh neamhurraithe d'fhéadfadh baol níos mó a bheith ann le teipeanna socraíochta agus luaineacht.

Tá toirmeasc cheana faoi Threoir 2003/6/CE um Dhrochúsáid Mhargaidh¹ ar dhíol folamh ionstraimí airgeadais atá in úsáid mar chuid de mhíchleachtas i straitéis, mar shampla díol folamh in úsáid le ráflaí bréagacha a scaipeadh chun praghas urrúis a chur síos. Is minic nach mbíonn míchleachtas i gceist i ndíol folamh, áfach, agus níl aon reachtaíocht Eorpach ann faoi láthair a dhíríonn ar rioscaí eile a d'fhéadfadh teacht as díol folamh.

Is díorthach a sholáthraíonn cineál árachais in aghaidh riosca mainneachtana creidmheasa banna chorparáide nó rialtais atá sa bhabhtáil mainneachtana creidmheasa. I gcomaoin préimhe bliantúla, tabharfaidh an díoltóir cosaint do cheannaitheoir na babhtála mainneachtana creidmheasa in aghaidh riosca mainneachta an eintitis thagartha (atá sonraithe sa chonradh). Má mhainníonn an t-eintiteas tagartha, tabharfaidh díoltóir na cosanta cúiteamh don cheannaitheoir as costas na mainneachtana.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2010 maidir le rialáil na seirbhísí airgeadais ar mhaithe le fás inbhuanaithe a spreagadh, thug an Coimisiún le fios go mbeartóidh sé bearta iomchuí maidir le díol folamh agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa². Bheadh siad bunaithe ar na torthaí ó imscrúdú leanúnach ar fheidhmiú na margaí airgeadais agus go háirithe na margaí fiachais cheannasaigh.

Tá nuashonrú déanta ag roinnt dlínsí (SAM mar shampla) le deireanas ar na rialacha a chuireann siad i bhfeidhm maidir le díol folamh scaireanna ar ionaid trádála. Measann an Coimisiún gur mhaith an rud é rialachán chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as díol folamh. Is é atá de rún leis ná na ceanglais a

¹ Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (IO L 96, 12.4.2003, lch. 16).

² Teachtaireacht an 2 Meitheamh 2010 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach – COIM(2010) 301, lch. 7.

bhaineann le díol folamh ar fud an Aontais Eorpaigh a chomhchuíbhíú, na cumhachtaí a d'fhéadfadh rialtóirí a úsáid i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil baol tromchúiseach ann do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuintín an phobail as an margadh a chomhchuíbhíú agus breis comhordaithe agus comhsheasmhachta idir na Ballstáit i gcásanna den sórt sin a áirithiú.

Ba cheart feidhm a bheith leis an rialachán maidir le gach duine nádúrtha agus dlítheanach a dhéanann díol folamh, sna hearnálacha uile den mhargadh, fiú má tá siad á rialáil ag píosaí eile den rialachán um sheirbhísí airgeadais (e.g. na bainc, gnólachtaí infheistíochta, cistí fálaíthe, etc.) nó mura bhfuil siad á rialáil ar chor ar bith. Ba cheart feidhm a bheith leis na ceanglais, a mhéid is féidir, maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá i mbun díola fholaimh seachas idirghabhálaithe a dhéanann idirbheart thar ceann cliaint. Ba cheart don rialachán aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá aitheanta gan baint go míchuí ó na sochair a thugann díol folamh do cháilíocht agus d'éifeachtúlacht na margaidh.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Tá an tionscnamh seo mar thoradh ar phlé leathan agus ar chomhairliúchán leis na príomhpháirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear rialtóirí urrús agus rannpháirtithe sa mhargadh.

D'iarr an Coimisiún ar an Sainghrúpa Eorpach um Margaí Urrúis (ESME), grúpa neamhspleách a chuireann comhairle ar an gCoimisiún agus ar a bhfuil rannpháirtithe sa mhargadh, tuarascáil ar dhíol folamh a ullmhú. Tá liosta moltaí sa tuarascáil agus ghlac an ESME an tuarascáil sin an 19 Márta 2009³.

In Aibreán 2009, le linn éilimh ar fhianaise faoin athbhreithniú ar an Treoir um Dhrochúsáid Mhargaidh a seoladh an 20 Aibreán 2009⁴, chuir an Coimisiún Eorpach roinnt ceisteanna ginearálta faoi chóras rialála a d'fhéadfaí a fhorbairt don díol folamh. Léiríodh roinnt tacaíochta do chóras den sórt sin, cé go raibh formhór na ndaoine a thug fianaise den tuairim nárbh ionstraim iomchuí a bhí sa Treoir um Dhrochúsáid Mhargaidh chun aghaidh a thabhairt ar dhíol folamh, mar nach mbaineann drochúsáid mhargaidh leis an gcuid is mó den díol folamh⁵.

Tháinig Coiste na Rialtóirí um Urrúis Eorpacha (CESR) le chéile sa dara leath de 2009 chun plé a dhéanamh ar mhúnla uile-Eorpach a d'fhéadfaí a úsáid chun glansuíomhanna gearra i scaireanna an AE a thuairisciú agus a nochtadh. An 2 Márta 2010, d'fhoilsigh an CESR a thuarascáil chríochnaitheach agus mhol sé múnla do chóras uile-Eorpach nochtta díola fholaimh le haghaidh scaireanna⁶. Mhol sé don Choimisiún córas den sórt sin a thabhairt isteach a luaithe agus is féidir. An

³ http://ec.europa.eu/internal_market/securities/docs/esme/report_20090319_en.pdf

⁴ Éileamh ar fhianaise, Athbhreithniú ar Threoir 2003/6/CE maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (an Treoir um Dhrochúsáid Mhargaidh). Chun téacs an éilimh ar fhianaise a fheiceáil: http://ec.europa.eu/internal_market/consultations/docs/2009/market_abuse/call_for_evidence.pdf

⁵ Sainmhínítear 'faisnéis ón taobh istigh' agus 'cúbláil mhargaidh', arb ionann iad in éineacht agus drochúsáid mhargaidh, in Airteagal 1 de Threoir 2003/6/CE.

⁶ CESR/10-088, "Model for a Pan-European Short Selling Disclosure Regime".

26 Bealtaine 2010, d'fhoilsigh an CESR tuarascáil eile ina leagtar amach mionsonraí teicniúla breise faoin ts lí ina n-oibreodh an múnla⁷.

Rinne an Coimisiún plé agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla, rialtóirí san áireamh⁸.

Idir an 14 Meitheamh agus an 10 Iúil 2010, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí a bhain le roghanna beartais a bheadh oiriúnach do thionscnamh reachtach maidir le díol folamh agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa. Fuair an Coimisiún tuairim is 120 aighneacht agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin⁹.

Tugtar aird sna tograí ar obair an ESME agus an CESR agus ar na freagraí a tugadh ar cheistneoirí a cuireadh chuig rannpháirtithe sa mhargadh agus chuig rialtóirí agus ar na freagraí ar na comhairliúcháin phoiblí ábhartha.

I gcomhréir lena bheartas "Rialáil Níos Fearr", rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar na roghanna beartais. Bhain na roghanna beartais le raon feidhme na dtograí, leis na córais trédhearcachta atá beartaithe, leis na ceanglais a bhaineann le díol folamh neamhurraithe, le díolúintí agus le cumhachtaí eisceachtúla chun srian a chur ar dhíol folamh.

Rinneadh gach rogha beartais a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas: an tionchar ar pháirtithe leasmhara, ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Bonn dlíthiúil

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3.2. Coimhdeacht agus comhréireacht

Ní fhéadfaidh na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach go leormhaith.

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta (Airteagal 5.3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh), ní féidir beart a dhéanamh ar leibhéal an AE mura féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach go leormhaith as a stuaim féin agus gurbh fhearr, i ngeall ar scála nó ar éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, iad a bhaint amach ar leibhéal an AE. Tá sé tugtha le fios san anailís a rinneadh go dtí seo cé go bhfuil impleachtaí tábhachtacha do gach Ballstát ar leith ag na fadhbanna a mínítear thuas, ní féidir an tionchar iomlán a bheidh acu a thuiscint i gceart ach i gcomhthéacs trasteorann. Is é is cúis leis sin gur féidir díol folamh a dhéanamh ar ionstraim airgeadais aon áit a bhfuil an ionstraim sin liostaithe, nó í a dhíol thar an gcuntar, fiú i margaí seachas bunmhargadh an eisisheora lena

⁷ CESR/10-453, "Technical details of the pan-European short selling disclosure regime".

⁸ Tá liosta de na comhairliúcháin fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla le fáil sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo.

⁹ http://ec.europa.eu/internal_market/securities/short_selling_en.htm

mbaineann. Thairis sin, bíonn cuma thrasteorann nó idirnáisiúnta ar a lán margaí go bunúsach. Tá an-bhaol ann, dá bhrí sin, go rachfar timpeall ar na freagairtí náisiúnta ar dhíol folamh agus ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa nó go mbeidh siad mí-éifeachtach ceal gníomhaíochta ar leibhéal an AE.

Tá baol arbatráiste rialaithigh i gceist leis na freagairtí éagsúla a bhíonn ag na Ballstáit ar shaincheisteanna a bhaineann le díol folamh, ós rud é go bhféadfadh infheisteoirí iarracht a dhéanamh teacht timpeall ar na srianta i ndlínse amháin trí idirbhearta a dhéanamh i ndlínse eile. D'fhéadfadh an ilroinnt rialála sin bheith ina cúis le costais bhreise comhlíonta do rannpháirtithe sa mhargadh, go háirithe na rannpháirtithe sin a bhíonn ag obair ar roinnt margaí, agus a mbeadh orthu córais dhifriúla a bhunú chun na ceanglais dhifriúla i mBallstáit dhifriúla a chomhlíonadh.

Lena chois sin, tá gnéithe áirithe a bhaineann leis an tsaincheist seo clúdaithe i bpáirt faoin *acquis*, go háirithe: Treoir 2003/6/CE um Dhrochúsáid Mhargaidh a chuireann toirmeasc ar dhíol folamh nuair a úsáidtear é leis an margadh a chúbláil nó in éineacht le faisnéis ón taobh istigh; Treoir 2004/109/CE um Thrédhearcacht¹⁰ a éilíonn suíomhanna fada tábhachtacha a nochtadh; agus an Treoir 2004/39/CE a bhaineann le Margaí in Ionstraimí Airgeadais ('MIFID')¹¹ a fhorchuireann ceanglais ardleibhéil maidir le socruithe i dtaobh socraíochta. Ba cheart don togra seo maidir le díol folamh agus na hionstraimí dlíthiúla atá ann cheana a chéile a chomhlánú. Is fearr is féidir an méid sin a bhaint amach trí rialacha coiteanna AE a úsáid.

I bhfianaise an méid sin, is léir gurb iomchuí gníomhaíocht ar leibhéal an AE maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

Meastar gurb iomchuí agus gur gá gur i bhfoirm Rialacháin a bheidh na forálacha sin ós rud é go gcuireann roinnt forálacha oibleagáidí díreacha ar pháirtithe príobháideacha maidir le glansuíomhanna gearra a bhaineann le hionstraimí áirithe a nochtadh agus fógra a thabhairt ina leith. Is gá Rialachán freisin chun cumhachtaí a thabhairt don ESMA chun go mbeidh sé ábalta bearta na n-údarás inniúil a chomhordú agus bearta a dhéanamh as a stuaim féin i gcásanna eisceachtúla má tá baol tromchúiseach ann d'fheidhmiú rianúil agus do shláine margaí airgeadais nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais. Thairis sin, cuirfidh Rialachán srian ar bhearta éagsúla a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a dhéanamh.

3.3. Míniú mionsonraithe ar an togra

3.3.1. Ionstraimí atá cumhdaithe faoi na tograí

Cumhdaíonn an togra gach cineál ionstraime airgeadais ach déantar foráil ann do fhreagairt chomhréireach ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as díol folamh ionstraimí difriúla.

¹⁰ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisiúnaithe a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

¹¹ Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais lena leasaítear Treoracha 85/611/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle (IO L 145, 30.4.2004, lch. 1).

Cuirtear ceanglais trédhearcachta agus ceanglais a bhaineann le díol folamh neamhurraithe i bhfeidhm maidir le hionstraimí amhail scaireanna agus díorthaigh a bhaineann le scaireanna, bannaí ceannasacha agus díorthaigh a bhaineann le bannaí ceannasacha agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa a bhaineann le heisitheoirí ceannasacha nuair is coitianta suíomhanna gearra a fháil agus nuair atá rioscaí nó ábhar inmí ann atá inaitheanta go soiléir.

I gcásanna eisceachtúla, nuair atá baol tromchúiseach ann do chobhsaíocht airgeadais nó do mhúinín an phobail as an margadh, déantar foráil sa togra don deis bearta breise trédhearcachta a fhorchur ar bhonn sealadach i gcás ionstraimí airgeadais eile.

3.3.2. *Ceanglais trédhearcachta maidir le suíomhanna gearra in ionstraimí áirithe – Airteagail 5 go 11*

Sa togra, cuirtear ceanglais trédhearcachta i bhfeidhm maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil glansuíomhanna gearra tábhachtacha acu a bhaineann le scaireanna AE agus fiachas ceannasach AE agus le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil babhtálacha mainneachtana creidmheasa tábhachtacha acu a bhaineann le heisitheoirí fiachas ceannasach de chuid an AE.

Tá an togra le haghaidh trédhearcachta scaireanna bunaithe ar mhúnla a mhol an CESR¹². I gcás cuideachtaí a bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas, déantar foráil do shamhail dhá shraith ar mhaithe le trédhearcacht glansuíomhanna gearra tábhachtacha i scaireanna. Ag tairseach níos ísle, is gá suíomh a fhógairt go príobháideach don rialtóir agus ag tairseach níos airde, ní mór na suíomhanna a nochtadh ar an margadh. Dá dtabharfaí fógra do na rialtóirí chuirfí ar a gcumas monatóireacht, agus imscrúdú más gá, a dhéanamh ar aon díol folamh a d'fhéadadh rioscaí sistéameacha a chruthú nó a bheith ina mhíchleachtas. Má fhoilsítear faisnéis ar an margadh ba cheart go soláthrófaí faisnéis úsáideach faoi shuíomhanna tábhachtacha aonair de dhíol folamh do rannpháirtithe eile sa mhargadh.

Maidir le glansuíomhanna gearra tábhachtacha a bhaineann le heisitheoirí fiachas ceannasach san AE, is gá iad a nochtadh go príobháideach do na rialtóirí. Má nochtáítear suíomhanna den sórt sin do na rialtóirí tabharfar faisnéis thábhachtach dóibh a chuideoidh leo monatóireacht a dhéanamh féachaint an gcruthaíonn na suíomhanna sin rioscaí sistéamacha nó an bhfuil siad in úsáid chun críocha míchleachtas. Foráiltear leis an gcóras freisin go bhfógrófar suíomhanna tábhachtacha i mbabhtálacha mainneachtana creidmheasa a bhaineann le heisitheoirí fiachas ceannasach de chuid an AE.

Le go bhféadfar monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna, ba cheart fógra agus/nó nochtadh a áireamh sna córais trédhearcachta i gcás ina bhfuil athrú ar ghlansuíomh gearra ina chúis le méadú nó le laghdú os cionn nó faoi bhun tairseach áirithe.

Ní amháin maidir le suíomhanna gearra a chrutháítear trí scaireanna nó fiachas ceannasach a thrádáil ar ionaid trádála a bhfuil feidhm ag na ceanglais trédhearcachta

¹² CESR/10-088 agus CESR/10-453. Níor fhiosraigh an CESR ach rialacha a bhaineann le scaireanna ach clúdaíonn an togra ón gCoimisiún gach cineál ionstraime airgeadais.

ach freisin maidir le suíomhanna gearra a chruthaítear trí thrádáil lasmuigh de na hionaid trádála (dá ngairtear 'trádáil thar an gcuntar') agus maidir le glansuíomhanna gearra eacnamaíocha a chruthaítear trí dhíorthaigh a úsáid, amhail roghanna, todhchaíochtaí, conarthaí le haghaidh difríochtaí agus raon difríochta geallta a bhaineann le scaireanna nó le fiachas ceannasach.

Is é is aidhm do na ceanglais trédhearcachta a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a thugtar do na rialtóirí agus a nochtáitear ar an margadh iomlán agus beacht. Mar shampla, ba cheart don fhaisnéis sin aird a thabhairt ar shuíomhanna gearra agus fada araon, ionas go dtabharfar faisnéis a bhfuil brí léi faoi ghlansuíomh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh.

Ós rud é go bhfuil ríomh mionsonraithe agus teicniúil ar na suíomhanna aonair i gceist sna córais trédhearcachta, déantar foráil sa togra do mhionsonraí teicniúla breise a ghlacfaidh an Coimisiún i bhfoirm gníomhartha tarmligthe.

Sa bhreis ar an gcóras trédhearcachta chun glansuíomhanna gearra a fhógairt agus a nochtadh le haghaidh scaireanna, tá ceanglas maidir le horduithe folmha a dhéanamh ar áireamh sa togra. Trína cheangal go ndéanfar orduithe folmha a dhéantar ar ionaid trádála a mharcáil nó a shannadh mar orduithe gearra nuair a dhéanann an díoltóir díol folamh scaireanna ar an ionad sin, cuirfear breis faisnéise ar fáil faoin méid díola fholaimh a dhéantar ar an ionad trádála. Beidh sé de cheangal ar ionad trádála faisnéis laethúil faoin méid díola fholaimh a dhéantar ar an ionad agus a fhaightear ó mharcáil orduithe a fhoilsíú.

3.3.3. *Díol folamh neamhurráithe – Airteagail 12 agus 13*

Meastar uaireanta go ndéantar an baol atá ann le teip socraíochta nó le luaineacht sa mhargadh a mhéadú mar gheall ar dhíol folamh neamhurráithe scaireanna agus fiachas ceannasach. Áirítear ceanglais mhionsonraithe sna tograí agus tá na ceanglais sin dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Chuige sin, ní mór do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann díol folamh ar ionstraimí den sórt sin, tráth an díola, na hionstraimí a bheith faighte ar iasacht acu, comhaontú a bheith déanta acu go bhfaighidh siad na scaireanna ar iasacht nó socruithe eile a bheith déanta acu lena n-áirithítear gur féidir an t-urrús a fháil ar iasacht chun go bhféadfar socraíocht a dhéanamh tráth a bheidh sé dlite. Ceadáitear leis an gceanglas socruithe dlisteanacha atá in úsáid cheana le díol folamh urráithe a dhéanamh agus lena n-áirithítear go mbeidh urrúis ar fáil don tsocraíocht. Mar shampla, déanann roinnt rannpháirtithe socruithe le príomhbhróicéir sula ndéantar an díol lena áirithiú go mbeidh urrúis ar fáil don tsocraíocht agus bíonn socrú déanta ag rannpháirtithe eile le córais socraithe urrús lena n-áirithítear go mbeidh na hurrúis ar fáil don tsocraíocht. Sa chomhthéacs sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin bhreise a ghlacadh maidir leis na comhaontuithe chun iasachtaithe agus na socruithe eile faoin gceanglas seo.

Thairis sin, ní mór do na hionaid trádála a áirithiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun scaireanna nó fiachas ceannasach a cheannach isteach i gcás ina dteiptear idirbheart a shocrú. I gcás ina dteiptear ar shocraíocht, ní mór fíneálacha laethúla a fhorchur. Lena chois sin, beidh sé de chumhacht ag na hionaid trádála toirmeasc a chur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a theip air idirbheart a shocrú díol folamh breise a dhéanamh.

Mar sin féin, tá an tsaincheist a bhaineann le comhchuibhiú na dtréimhsí socraíochta agus na socruithe ina saincheist ar leith agus níos leithne a mheasfar níos mó i gcomhthéacs tionscnamh sonracha eile (mar shampla, an Treoir atá beartaithe maidir le deimhneacht dhlíthiúil a bhaineann le sealbhú urrús agus idirbhearta urrús a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2010).

3.3.4. *Díolúintí – Airteagail 14 agus 15*

Chun an prionsabal a léiriú nach mór do na bearta ar fad a bheith comhréireach agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le díol folamh gan dochar a dhéanamh de thaisme do ghníomhaíochtaí dlisteanacha a thugann sochar d'éifeachtúlacht agus do cháilíocht mhargaí na hEorpa, tá líon áirithe díolúintí ar áireamh sna tograí.

Déantar foráil do dhíolúine i leith scaireanna cuideachta nuair atá bunmhargadh na scaireanna lasmuigh den Aontas Eorpach. Léiríonn sé sin go bhfuil scaireanna i gcuideachtaí á dtrádáil níos minice anois ar ionaid trádála éagsúla ar fud an domhain. Mar shampla, tá go leor cuideachtaí móra thar lear a mbíonn a gcuid scaireanna á dtrádáil, ní amháin ar an margadh baile, ach freisin ar ionad trádála san Aontas Eorpach. Ní iomchuí ná comhréireach na ceanglais maidir le díol folamh a chur i bhfeidhm i gcás ina ndéantar an chuid is mó den trádáil lasmuigh den Aontas. D'fhéadfadh sé sin ualach trom a chur ar rannpháirtithe sa mhargadh agus cruthaíonn sé castacht nach bhfuil gá léi a chuirfeadh mí-mhisneach ar eisitheoirí a gcuid scaireanna a thrádáil ar ionaid san Aontas Eorpach.

Foráiltear freisin do dhíolúine i leith gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh. Tá ról fíorthábhachtach ag gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh maidir le leachtacht a chur ar fáil do mhargaí na hEorpa agus bíonn ar chruthaitheoirí margaí suíomhanna gearra a fháil chun an ról sin a chomhlíonadh. Dá bhforchuirfí ceanglais ar ghníomhaíochtaí den sórt sin d'fhéadfaí bac mór a chur ar an gcumas leachtacht a sholáthar agus bheadh tionchar díobhálach mór aige sin ar éifeachtúlacht mhargaí na hEorpa. Thairis sin, ní gnách go bhfaigheann cruthaitheoirí margaidh suíomhanna gearra tábhachtacha ach le haghaidh tréimhsí an-ghearr ar fad. Tá sé beartaithe leis an díolúine sin na cineálacha difriúla gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh a chumhdach. Mar sin féin, ní eisiatar trádáil dílsithe agus tagann sé faoi raon feidhme iomlán an togra seo dá bhrí sin. Ceanglaítear go dtabharfaidh daoine atá ag iarraidh an díolúine seo a úsáid fógra do na húdaráis inniúla agus féadfaidh na húdaráis inniúla toirmeasc a chur ar dhuine an díolúine a úsáid mura gcomhallann an duine sin na critéir iomchuí a bhaineann leis an díolúine. Féadfaidh na húdaráis inniúla faisnéis bhreise a éileamh ó dhuine atá ag úsáid na díolúine.

Foráiltear freisin do dhíolúine i leith oibríochtaí a dhéanann déileálaithe sa bhunmhargadh ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d'eisitheoirí fiachas ceannasach nó ar mhaithe le scéimeanna cobhsaíochta faoin Treoir um Dhrochúsáid Mhargaidh. Fearacht cruthú margaidh, is feidhmeanna dlisteanacha iad seo a bhfuil tábhacht ag baint leo do dhea-fheidhmiú na mbunmhargaí.

4.3.5. *Cumhachtaí idirghabhála – Airteagail 16 go 25*

Aithnítear sna tograí go bhféadfadh gá a bheith ann, i gcásanna eisceachtúla, go gcuirfeadh na húdaráis inniúla toirmeasc nó srian ar ghníomhaíochtaí díola fholaimh a bheadh dlisteanach thairis sin nó nach mbeadh mórán rioscaí ag baint leo. I gcás

athruithe dochracha atá ina mbaol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as margadh i mBallstát nó san Aontas Eorpach, foráiltear sa togra gur cheart go mbeadh cumhachtaí sealadacha ag na húdaráis inniúla breis trédhearcachta a cheangal nó srianta a fhorchur ar dhíol folamh agus ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa nó srian a chur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha idirbhearta díorthacha a dhéanamh. Clúdaíonn na cumhachtaí sin réimse leathan ionstraimí. Déantar iarracht sna tograí na cumhachtaí agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le húsáid na gcumhachtaí a chomhchuíbhiú a mhéid is féidir.

I gcás ina gcruthaíonn athrú dochrach nó teagmhas dochrach baol do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh agus ina dtéann an t-athrú nó an teagmhas sin thar theorainneacha Ballstáit nó ina bhfuil impleachtaí eile trasteorann leis, is ríthábhachtach go bhfuil dlúthchomhairle agus dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla. Tugtar isteach ceanglais éagsúla nós imeachta leis an togra, agus beidh na ceanglais sin dírithe ar é a áirithiú go bhfaigheann údaráis inniúla eile fógra má bheartaíonn údarás inniúil bearta eisceachtúla a dhéanamh maidir le díol folamh. Tugtar ról tábhachtach comhordaithe i gcás den sórt sin don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar mhaithe le comhsheasmhacht a áirithiú idir na húdaráis inniúla. Sa bhreis ar bhearta na n-údarás inniúil a chomhordú, áiritheoidh an ESMA nach ndéanfaidh na húdaráis inniúla beart ach amháin más gá agus más comhréireach sin a dhéanamh. Tá ceangal ar an ESMA tuairim a eisiúint ar aon bheart atá beartaithe.

Ba cheart do na bearta sin a áirithiú gur féidir leis na rialtóirí náisiúnta freagairtí tapa a thabhairt i gcásanna eisceachtúla agus comhsheasmhacht a áirithiú ag an am céanna. D'áiritheoidh an ESMA go ndéanfaí cásanna a bhfuil tionchar trasteorann acu a láimhseáil ar an dóigh chéanna, a mhéid is féidir, agus sa chaoi sin an seans atá ann le harbatráiste rialaitheach agus le héagobhsaíocht sa mhargadh a laghdú.

Is bearta sealadacha (go dtí trí mhí de ghnáth) a mhairfidh chomh fada agus is gá chun déileáil leis an gcás eisceachtúil a bheidh i gcumhachtaí na n-údarás inniúil maidir le srian a chur ar dhíol folamh, ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa agus ar idirbhearta eile. Féadfar tréimhsí breise trí mhí ag an am a chur le beart den sórt sin ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha a bhaineann le húsáid na cumhachta agus na ceanglais nós imeachta comhlíonta. Tá ceangal ar an ESMA tuairim a eisiúint agus a áirithiú gur féidir aon síneadh tréimhse a chosaint go cuí.

D'fhonn a áirithiú go bhfuil cur chuige leanúnach ann i leith úsáid na gcumhachtaí idirghabhála, tugtar de chumhacht don Choimisiún critéir agus fachtóirí nach mór do na húdaráis inniúla agus don ESMA a chur san áireamh a shainmhíniú tuilleadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, lena chinneadh faoina bhfuil teagmhas nó athrú dochrach ag cruthú baol tromchúiseach don chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh.

I gcás ina dtarlaíonn titim shuntasach ar an bpraghas atá ar ionstraim airgeadais, tugtar de chumhacht do na húdaráis inniúla toirmeasc an-gherr a chur ar dhíol folamh ionstraimé nó idirbhearta a theorannú chun laghdú mí-ordúil ar an bpraghas a sheachaint. Ba cheart go gcuirfeadh cumhacht 'scoradán ciorcaid' den sórt sin ar chumas na n-údarás inniúil idirghabháil a dhéanamh más iomchuí ar feadh tréimhse an-gherr lena áirithiú nach gcuirfidh díol folamh le titim mhí-ordúil ar phraghas na

hionstraime lena mbaineann. Sheolfaí an chumhacht sin trí chritéir oibiachtúla agus ní bheadh gá le measúnú faoina bhfuil baol tromchúiseach ann do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh.

Cé go nglactar leis sa togra gurb iondúil gur fearr iad na húdaráis inniúla ag an gcéad chéim chun déileáil le cásanna eisceachtúla ina bhfuil baol ann do chobhsaíocht airgeadais agus do mhuinín an phobail as an margadh agus go dtugtar ról láidir comhordaithe don ESMA, tugtar cumhachtaí freisin don ESMA bearta sealadacha a dhéanamh i gcás den sórt sin. Tugtar de chumhacht don ESMA bearta a dhéanamh i gcás ina bhfuil impleachtaí trasteorann ag an gcás agus nár láimhseáil na húdaráis inniúla an baol sin go leormhaith. Féadfaidh an ESMA na cineálacha céanna beart a dhéanamh is a dhéanann na húdaráis inniúla. I gcásanna den sórt sin, ceanglaítear ar an ESMA fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla agus do na rannpháirtithe sa mhargadh. Bheadh forlámhas ag aon bheart a dhéanfaidh an ESMA i gcásanna den sórt sin ar na bearta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla má tá aon neamhréireacht ann.

Sonraítear sna cumhachtaí atá foráilte cumhachtaí an ESMA i gcás díola fholaimh agus ní dhéanfaidh siad dochar do chumhachtaí ginearálta an ESMA mar a leagtar amach i Rialachán [ESMA .../2010].

3.3.6. *Cumhachtaí agus smachtbhannaí – Airteagail 26 go 35*

Tugtar na cumhachtaí uile is gá chun na rialacha a fhorfheidhmiú do na húdaráis inniúla leis an togra seo. Folaítear, mar shampla, rochtain ar dhoiciméid, an ceart chun faisnéis a fháil ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha agus gníomh forfheidhmithe a dhéanamh.

I gcásanna ar leith, tugtar de chumhacht do na húdaráis inniúla faisnéis bhreise a iarraidh ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoin gcuspóir lena ndéantar babhtáil mainneachtana creidmheasa agus faisnéis a iarraidh lena bhfíorófaí an cuspóir sin.

Tugtar de chumhacht freisin don ESMA fiosrúcháin a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha nó ar chleachtais shonracha a bhaineann le díol folamh agus tuarascáil a fhoilsiú ina leagtar síos torthaí na bhfiosrúchán sin.

Ós rud é go bhféadfadh baint a bheith ag bearta áirithe le monatóireacht nó forfheidhmiú i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha lasmuigh den Aontas, ba cheart rialtóirí an AE a spreagadh teacht ar chomhaontuithe comhair le rialtóirí i dtríú tíortha ina dtrádáiltear scaireanna nó bannaí ceannasacha agus díorthaigh ghaolmhara an AE. D'éascódh an méid sin malartú faisnéise agus forfheidhmiú oibleagáidí, agus d'éascódh sé do rialtóirí i dtríú tíortha bearta cosúla a dhéanamh i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil baol tromchúiseach ann do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh san Aontas. Ba cheart ról a bheith ag an ESMA chun forbairt comhaontuithe comhair agus malartú na faisnéise a fhaightear ó rialtóirí i dtríú tíortha a chomhordú.

Ceanglaítear leis an togra go ndéanfaidh na Ballstáit foráil do rialacha maidir le bearta riaracháin, smachtbhannaí agus bearta airgid a theastaíonn chun an togra seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleacht ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach¹³,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁴,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I lár na géarchéime airgeadais i Meán Fómhair 2008, ghlac údaráis inniúla i roinnt Ballstát den AE agus Stáit Aontaithe Mheiriceá bearta éigeandála chun srian nó toirmeasc a chur ar dhíol folamh i gcás urrús áirithe nó i gcás gach uile chineál urrúis. Bhí beart á dhéanamh acu i ngeall ar inní go bhféadfadh díol folamh, tráth a raibh éagobhsaíocht mhór airgeadais ann, an cor chun donais i bpraghsanna scaireanna a dhéanamh níos measa, go háirithe in institiúidí airgeadais, ar shlí a d'fhéadfadh a n-inmharthanacht a chur i mbaol agus rioscaí sistéamacha a chruthú. Bhí bearta éagsúla á nglacadh ag na Ballstáit ar leith ós rud é nach bhfuil creat sonrach reachtach ag an Aontas chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le díol folamh.
- (2) Ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus na coinníollacha a bhaineann lena fheidhmiú a fheabhsú, go háirithe na margaí airgeadais, agus le leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a áirithiú, is iomchuí creat coiteann a leagan síos maidir leis na ceanglais agus na cumhachtaí a bhaineann le díol folamh agus le babhtálacha mainneachtana creidmheasa agus breis comhordaithe agus comhsheasmhachta a áirithiú idir na Ballstáit i gcás inar gá bearta a dhéanamh i gcás eisceachtúil. Is gá an creat le haghaidh díola fholaimh agus

¹³ IO C [...], [...], lch. [...].

¹⁴ IO C [...], [...], lch. [...].

gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa a chomhchuibhiú le go gcuirfear cosc ar bhaic ar an margadh inmheánach, ós dóchúil an rud é go leanfaidh na Ballstáit ag déanamh bearta éagsúla.

- (3) Is iomchuí agus is gá gur i bhfoirm Rialacháin a bheidh na forálacha sin ós rud é go gcuireann roinnt forálacha oibleagáidí díreacha ar pháirtithe príobháideacha maidir le glansuíomhanna gearra a bhaineann le hionstraimí áirithe agus maidir le díol folamh neamhurráithe a nochtadh agus a fhógairt. Is gá Rialachán freisin chun cumhachtaí a thabhairt don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ bearta arna ndéanamh ag údaráis inniúla a chomhordú nó bearta a dhéanamh as a stuaim féin.
- (4) Ar mhaithe le sprioc dheireanach a shocrú don chás ilroinnte atá ann faoi láthair ina bhfuil bearta éagsúla déanta ag roinnt Ballstát agus le srian a chur ar bhearta éagsúla a d'fhéadfadh údaráis inniúla a dhéanamh is tábhachtach aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as díol folamh agus as babhtálacha mainneachtana creidmheasa agus é sin a dhéanamh ar shlí atá comhchuibhithe. Ba cheart do na ceanglais a fhorchuirfear aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá aitheanta gan baint go míchuí ó na sochair a thugann díol folamh do cháilíocht agus d'éifeachtúlacht na margaí.
- (5) Ba cheart do raon feidhme an Rialacháin a bheith chomh leathan agus is féidir chun foráil a dhéanamh do chreat coisctheach a d'úsáidí i gcásanna eisceachtúla. Ba cheart don chreat gach cineál ionstraimé airgeadais a chlúdach ach foráil a dhéanamh do fhreagairt chomhréireach ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as díol folamh ionstraimí difriúla. Is i gcásanna eisceachtúla amháin, dá bhrí sin, is ceart d'údaráis inniúla agus don ESMA bheith i dteideal bearta a dhéanamh maidir le gach cineál ionstraimé airgeadais, rud a théann níos faide ná na bearta buana nach bhfuil feidhm acu ach maidir le cineálacha áirithe ionstraimí i gcás ina bhfuil rioscaí atá aitheanta go soiléir ann nach mór do na bearta sin aghaidh a thabhairt orthu.
- (6) Is dócha gur chun sochair an rialtóra agus na rannpháirtithe sa mhargadh a bheadh breis trédhearcachta i ndáil leis na glansuíomhanna gearra tábhachtacha in ionstraimí airgeadais sonracha. I gcás scaireanna a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas, ba cheart samhail dhá shraith a thabhairt isteach ar mhaithe le trédhearcacht bhreise glansuíomhanna gearra tábhachtacha i scaireanna ar an leibhéal iomchuí. Ag tairseach níos ísle, ba cheart suíomh a fhógairt go príobháideach do na rialtóirí lena mbaineann lena gcuirfí ar a gcumas monatóireacht, agus imscrúdú más gá, a dhéanamh ar aon díol folamh a d'fhéadadh rioscaí sistéimeacha a chruthú nó a bheith ina mhíchleachtas; ag tairseach níos airde, áfach, ba cheart na suíomhanna a nochtadh go poiblí ar an margadh le go soláthrófaí faisnéis úsáideach faoi shuíomhanna tábhachtacha aonair de dhíol folamh i scaireanna do rannpháirtithe eile sa mhargadh.
- (7) Dá nochtófaí na glansuíomhanna gearra tábhachtacha a bhaineann le fiachas ceannasach do na rialtóirí sholáthrófaí faisnéis thábhachtach a chuideodh leis na rialtóirí monatóireacht a dhéanamh féachaint an gcruthaíonn na suíomhanna sin rioscaí sistéamacha nó an bhfuil siad in úsáid chun críocha míchleachtas i ndáiríre. Ba cheart go ndéanfaí foráil, dá bhrí sin, go bhfógrófaí glansuíomhanna gearra tábhachtacha a bhaineann le fiachas ceannasach san Aontas do na rialtóirí. Níor cheart go mbainfeadh an ceanglas sin ach le nochtadh príobháideach do na

¹⁵ IO C [...], [...], Ich. [...].

rialtóirí óir dá nochtófaí an fhaisnéis sin ar an margadh d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith aige ar mhargaí fiachas ceannasach ar a bhfuil an leachtacht lagaithe cheana féin. D'áireofaí freisin sa cheanglas sin fógra a thabhairt maidir le neamhchosaintí tábhachtacha ar eisitheoirí ceannasacha a bhfaighfí trí bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa a úsáid.

- (8) Ba cheart feidhm a bheith leis na ceanglais fógartha a bhaineann le fiachas ceannasach maidir leis an bhfiachas arna eisiúint ag an Aontas agus ag na Ballstáit, lena n-áirítear aon aireacht, aon roinn, aon bhanc ceannais, aon ghníomhaireacht nó aon ionstraimeacht a eisíonn fiachas thar ceann Ballstáit ach ní áirítear comhlachtaí réigiúnacha nó samhailchomhlachtaí poiblí a eisíonn fiachas.
- (9) D'fhonn ceanglas trédhearcachta cuimsitheach agus éifeachtach a áirithiú, is tábhachtach nach suíomhanna gearra a chruthaítear trí scaireanna nó fiachas ceannasach a thrádáil ar ionaid trádála amháin a áireofar ach freisin suíomhanna gearra a chruthaítear trí thrádáil lasmuigh d'ionaid trádála agus glansuíomhanna gearra eacnamaíocha a chruthaítear trí dhíorthaigh a úsáid.
- (10) Chun go mbeidh córas trédhearcachta úsáideach do na rialtóirí agus don mhargadh, ba cheart go soláthródh sé faisnéis iomlán agus bheacht faoi na suíomhanna atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha. Ba cheart, go háirithe, go gcuirfí suíomhanna gearra agus fada araon san áireamh san fhaisnéis arna soláthar don rialtóir nó don mhargadh ar mhaithe le faisnéis luachmhar a chur ar fáil faoi na glansuíomhanna gearra i scaireanna, faoin bhfiachas ceannasach agus faoi na babhtálacha mainneachtana creidmheasa atá i seilbh duine nádúrtha nó dhlítheanaigh.
- (11) Ba cheart aon chineál leasa eacnamaíoch atá ag duine nádúrtha nó dlítheanach maidir le scairchaipiteal eisithe cuideachta nó fiachas ceannasach eisithe an Bhallstáit nó an Aontais a chur san áireamh freisin agus suíomh gearr nó suíomh fada á ríomh. Ba cheart, go háirithe, leas den sórt sin a fhaightear trí úsáid dhíreach nó indíreach a bhaint as díorthaigh amhail roghanna, todhchaíochtaí, conarthaí le haghaidh difríochtaí agus raon difríochta geallta a bhaineann le scaireanna nó le fiachas ceannasach a chur san áireamh freisin. I gcás suíomhanna a bhaineann le fiachas ceannasach, ba cheart babhtálacha mainneachtana creidmheasa a bhaineann le heisitheoirí fiachas ceannasach a bheith san áireamh sa ríomh sin freisin.
- (12) Sa bhreis ar an gcóras trédhearcachta a bhaineann leis na glansuíomhanna gearra i scaireanna a nochtadh, ba cheart ceanglas maidir le horduithe díola a dhéantar ar ionaid trádála a mharcáil mar orduithe folmha a thabhairt isteach ar mhaithe le faisnéis fhorlíontach a sholáthar faoin méid díola fholaimh a dhéantar ar scaireanna ar ionaid trádála. Ba cheart don ionad trádála faisnéis faoi orduithe folmha a thiomsú agus í a fhoilsiú i bhfoirm achoimre gach lá ar a laghad chun cuidiú leis na húdaráis inniúla agus do na rannpháirtithe sa mhargadh agus iad ag déanamh monatóireachta ar leibhéal an díola fholaimh.
- (13) Ó thaobh an gheilleagair de, is ionann babhtálacha mainneachtana creidmheasa gan suíomh fada san fhiachas ceannasach atá mar bhun leo a cheannach agus suíomh gearr a bhaineann leis an ionstraim fiachais atá mar bhun leo a fháil. Ba cheart, dá bhrí sin, do bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa a bhaineann le hoibleagáid eisitheora fiachas ceannasach a bheith san áireamh agus glansuíomh gearr á ríomh maidir le fiachas ceannasach. Ba cheart suíomh na babhtála mainneachtana creidmheasa a chur san áireamh ar mhaithe lena chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil glansuíomh gearr tábhachtach a bhaineann le fiachas ceannasach nach mór a fhógairt d'údarás inniúil nó suíomh tábhachtach neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana

creidmheasa a bhaineann le heisitheoir fiachas ceannasach nach mór a fhógairt don údarás i seilbh duine nádúrtha nó dhlítheanaigh.

- (14) Le go bhféadfar monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna, ba cheart fógra nó nochtadh a áireamh sna hoibleagáidí trédhearcachta i gcás ina bhfuil athrú ar ghlansuíomh gearr ina chúis le méadú nó le laghdú os cionn nó faoi bhun tairseach áirithe.
- (15) Ar mhaithe le héifeachtacht, is tábhachtach feidhm a bheith leis na hoibleagáidí trédhearcachta is cuma cá bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach lonnaithe, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach lonnaithe lasmuigh den Aontas, ach go bhfuil glansuíomh gearr tábhachtach aige i gcuideachta a bhfuil scaireanna dá cuid a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas nó go bhfuil glansuíomh gearr aige i bhfiachas ceannasach arna eisiúint ag Ballstát nó ag an Aontas.
- (16) Meastar uaireanta go ndéantar an baol atá ann le teip socraíochta nó le luaineacht a mhéadú mar gheall ar dhíol folamh neamhurráithe scaireanna agus fiachais cheannasaigh. Chun na rioscaí sin a laghdú is iomchuí srianta comhréireacha a chur ar dhíol folamh neamhurráithe. Ba cheart na socruithe difriúla atá in úsáid faoi láthair maidir le díol folamh urráithe a chur san áireamh sna srianta mionsonraithe. Is iomchuí freisin ceanglais a bhaineann le hionaid trádála a áireamh nuair a bhaineann na ceanglais sin le nósanna imeachta ceannach isteach agus le fíneálacha i gcás ina dteiptear idirbhearta sna hionstraimí sin a shocrú. Ba cheart do na nósanna imeachta ceannach isteach agus na ceanglais maidir le socraíocht dheireanach bunchaighdeáin a leagan síos maidir leis an araíonacht socraíochta.
- (17) Ba cheart ceanglais atá comhréireach agus a sheachnaíonn tionchar diúltach ar leachtacht mhargaí na mbannaí ceannasacha agus mhargaí athcheannaigh bannaí ceannasacha a fhorchur trí na bearta a bhaineann le fiachas ceannasach agus le babhtálacha mainneachtana creidmheasa cheannasacha, lena n-áirítear breis trédhearcachta agus srianta ar dhíol folamh neamhurráithe.
- (18) Is minice ná a mhalairt a ligtear scaireanna isteach chun a dtrádála ar ionaid trádála dhifriúla laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon. Tá go leor cuideachtaí móra atá lonnaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas. Ar chúiseanna éifeachtúlachta, is iomchuí urrúis a dhíolmhú ó cheanglais áirithe fógartha agus nochtá, i gcás ina bhfuil ionad príomha trádála na hionstraime sin lasmuigh den Aontas.
- (19) Tá ról fíorthábhachtach ag gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh maidir le leachtacht a chur ar fáil do mhargaí san Aontas agus bíonn ar chruthaitheoirí margaí suíomhanna gearra a fháil chun an ról sin a chomhlíonadh. Dá bhforchuirfí ceanglais ar ghníomhaíochtaí den sórt sin d'fhéadfaí bac mór a chur ar a gcumas leachtacht a sholáthar agus bheadh tionchar díobhálach mór aige sin ar éifeachtúlacht mhargaí an Aontais. Ní bheadh súil ann go bhfaigheadh cruthaitheoirí margaidh breise suíomhanna gearra tábhachtacha ach amháin ar feadh tréimhsí gearra. Is iomchuí, dá bhrí sin, daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí den sórt sin a dhíolmhú ó na ceanglais sin a d'fhéadfadh bheith ina mbac ar a gcumas ról den sórt sin a fheidhmiú, rud a dhéanfadh difear dochrach do mhargaí an Aontais. Tá gá le nós imeachta chun comhionannas margáí tríú tíortha a mheas ar mhaithe le heintitis chomhionanna i dtríú tíortha a ghabháil. Ba cheart feidhm a bheith leis an díolúine sin maidir le cineálacha difriúla gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh ach gan trádáil dílsithe a dhíolmhú. Is iomchuí freisin oibríochtaí áirithe sa bhunmhargadh ar nós na hoibríochtaí sin a bhaineann le fiachas ceannasach agus le scéimeanna cobhsaíochta a dhíolmhú ós rud é gur gníomhaíochtaí tábhachtacha atá iontu a chuidíonn le feidhmiú éifeachtúil na margaí. Ba cheart aon úsáid a

bhaintear as díolúintí a fhógairt do na húdaráis inniúla agus ba cheart an chumhacht a bheith acu cosc a chur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach díolúine a úsáid mura gcomhallann siad na critéir ábhartha a bhaineann leis an díolúine. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla faisnéis a iarraidh ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach chun monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann sé as an díolúine.

- (20) I gcás athruithe dochracha atá ina mbaol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuintín an phobail as margadh i mBallstát nó san Aontas, ba cheart go mbeadh cumhachtaí idirghabhála ag na húdaráis inniúla breis trédhearcachta a cheangal nó srianta sealadacha a fhorchur ar dhíol folamh, ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa nó ar idirbhearta eile ar mhaithe le hísliú mí-ordúil ar phraghas ionstraim airgeadais a chosc. D'fhéadfadh gá a bheith le bearta den sórt sin i ngeall ar éagsúlacht de theagmhais dhochracha nó d'athruithe dochracha, ní amháin teagmhais airgeadais nó eacnamaíochta ach tubaistí nádúrtha nó gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta freisin mar shampla. Thairis sin, d'fhéadfadh teagmhais dhochracha nó athruithe dochracha teacht chun cinn in aon Bhallstát amháin gan aon impleachtaí trasteorann a bheith ag baint leo. Ní foláir do na cumhachtaí a bheith solúbtha le déileáil le réimse leathan de chásanna eisceachtúla difriúla.
- (21) Cé gurb iondúil gur fearr iad na húdaráis inniúla chun monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí na margáí agus chun freagairt a thabhairt ar theagmhas dochrach nó ar athrú dochrach trína chinneadh an bhfuil baol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuintín an phobail as an margadh tagtha chun cinn agus faoina bhfuil gá bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gcás, ba cheart na cumhachtaí agus na nósanna imeachta a bhaineann lena n-úsáid a chomhchuíbhiú a mhéid is féidir.
- (22) I gcás ina bhfuil titim shuntasach ann ar an bpraghas atá ar ionstraim airgeadais ar ionad trádála ba cheart go mbeadh sé d'acmhainn ag an údarás inniúil freisin srian sealadach a chur ar dhíol folamh na hionstraim airgeadais ar an ionad sin chun go mbeidh sé in ann idirghabháil thapa a dhéanamh nuair is iomchuí agus ar feadh tréimhse 24 uair an chloig ar mhaithe le titim mhí-ordúil ar phraghas na hionstraim lena mbaineann a chosc.
- (23) I gcás ina dtéann teagmhas dochrach nó athrú dochrach thar theorainneacha Ballstáit amháin nó má tá impleachtaí eile trasteorann ag baint leis an gcás, beidh sé ríthábhachtach dlúthchomhairle agus dlúthchomhar a bheith ann idir na húdaráis inniúla. Ba cheart don ESMA ról tábhachtach comhordaithe a chomhlíonadh i gcás den sórt sin agus iarracht a dhéanamh comhsheasmhacht a áirithiú idir na húdaráis inniúla. Cuideoidh comhdhéanamh an ESMA, lena n-áirítear ionadaithe thar ceann na n-údarás inniúil, an cumas atá ann ról den sórt sin a chomhlíonadh.
- (24) Sa bhreis ar bhearta na n-údarás inniúil a chomhordú, ba cheart don ESMA a áirithiú nach ndéanfaidh na húdaráis inniúla beart ach amháin más gá agus más comhréireach sin a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh de chumhacht ag an ESMA tuairimí a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir leis na cumhachtaí idirghabhála a úsáid.
- (25) Cé gurb iondúil gur fearr iad na húdaráis inniúla chun monatóireacht a dhéanamh ar theagmhas dochrach nó ar athrú dochrach agus freagairt thapa a thabhairt air, ba cheart go mbeadh sé de chumhacht freisin ag an ESMA bearta a dhéanamh as a stuaim féin i gcás ina bhfuil díol folamh nó gníomhaíochtaí eile gaolmhara ag déanamh dochair d'fheidhmiú ordúil agus do shláine na margáí airgeadais nó do chobhsaíocht chuid den chóras airgeadais nó an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, ina bhfuil impleachtaí trasteorann i gceist agus nach ndearna na húdaráis inniúla a ndóthain beart chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin. Ba cheart don ESMA dul i

gcomhairle leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach nuair is féidir, agus le húdaráis eile iomchuí i gcás ina bhféadfadh éifeachtaí a théann níos faide ná na margaí airgeadais a bheith ag an mbeart, rud a d'fhéadfadh tarlú i gcás díorthach tráchtarraí a úsáidtear chun suíomhanna fisiceacha a fhálú.

- (26) Is i gcomhréir leis na cumhachtaí atá in Airteagal 6a(5) de Rialachán .../.... [ESMA] a thugtar cumhachtaí don ESMA faoin Rialachán seo i gcásanna eisceachtúla chun srian a chur ar dhíol folamh agus ar ghníomhaíochtaí eile gaolmhara. Níor cheart do na cumhachtaí a thugtar don ESMA i gcásanna eisceachtúla dochar a dhéanamh do chumhachtaí an ESMA i gcás éigeandála faoi Airteagal 10 de Rialachán .../.... [Rialachán ESMA]. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh sé de chumas ag an ESMA cinntí aonair a ghlacadh lena gceanglófaí ar údaráis inniúla bearta nó cinntí aonair a dhéanamh atá dírithe ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi Airteagal 10.
- (27) Níor cheart ach cuma shealadach a bheith ar chumhachtaí idirghabhála na n-údarás inniúil agus an ESMA chun srian a chur ar dhíol folamh, ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa agus ar idirbhearta eile agus níor cheart iad a fheidhmiú ach ar feadh tréimhse agus a mhéid is gá chun déileáil le baol sonrach.
- (28) I ngeall ar na rioscaí sonracha ar féidir leo teacht chun cinn as babhtálacha mainneachtana creidmheasa a úsáid, is gá do na húdaráis inniúla dianmhonatóireacht a dhéanamh ar idirbhearta den sórt sin. Ba cheart, go háirithe, an chumhacht a bheith ag na húdaráis inniúla i gcásanna eisceachtúla faisnéis a iarraidh ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann idirbhearta den sórt sin agus bhainfeadh an fhaisnéis sin leis an gcuspóir atá leis an idirbheart.
- (29) Ba cheart cumhacht ghinearálta a thabhairt don ESMA chun fiosrúchán a dhéanamh ar shaincheist nó ar chleachtas a bhaineann le díol folamh nó le babhtálacha mainneachtana creidmheasa a úsáid chun measúnú a dhéanamh faoina bhféadfadh aon bhaol do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh a bheith ag an tsaincheist nó ag an gcleachtas sin. Ba cheart don ESMA tuarascáil a fhoilsiú ina leagfaí amach na torthaí a bhí ar fhiosrúchán den sórt sin.
- (30) Tá gá, i gcásanna áirithe, le comhar idir údaráis inniúla agus údaráis i dtríú tíortha, ós rud é go bhféadfadh feidhm a bheith le roinnt beart maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus le gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas. Ba cheart do na húdaráis inniúla comhaontuithe a dhéanamh, dá bhrí sin, le húdaráis i dtríú tíortha. Ba cheart don ESMA comhordú a dhéanamh ar fhorbairt comhaontuithe comhair den sórt sin agus ar an tslí a mhalartaíonn na húdaráis inniúla faisnéis a fhaightear ó thríú tíortha.
- (31) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail atá aitheanta go háirithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart um chosaint sonraí pearsanta atá aitheanta in Airteagal 16 den Chonradh agus in Airteagal 8 den Chairt. Is gá, go háirithe, trédhearcacht a bheith ann maidir le glansuíomhanna gearra tábhachtacha, lena n-áirítear iad a nochtadh don phobal i gcás ina bhforáiltear sin faoin Rialachán seo, ar mhaithe le cobhsaíocht na margaí airgeadais agus le cosaint na n-infheisteoirí. Cuirfidh trédhearcacht den sórt sin ar chumas na rialtóirí monatóireacht a dhéanamh ar dhíol folamh a úsáid i gcás míchleachtais i straitéisí agus ar na himpleachtaí do dhea-fheidhmiú na margaí. Lena chois sin, d'fhéadfadh trédhearcacht den sórt sin neamhshiméadrachtaí faisnéise a sheachaint, rud a áiritheodh go bhfuil na rannpháirtithe uile sa mhargadh ar an eolas a ndóthain faoin tionchar atá ag díol folamh ar phraghsanna. Ba cheart go mbeadh aon mhalartú nó tarchur faisnéise idir údaráis inniúla i gcomhréir leis na rialacha

maidir le tarchur sonraí pearsanta mar atá leagtha síos i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.¹⁶ Ba cheart go mbeadh aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanann an ESMA i gcomhréir leis na rialacha maidir le tarchur sonraí pearsanta mar atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí Comhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin¹⁷, agus ba cheart don Rialachán sin a bheith infheidhme go hiomlán maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo.

- (32) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (33) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún¹⁸.
- (34) Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh. Ba cheart, go háirithe, na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i ndáil leis na mionsonraí a bhaineann le suíomhanna gearra a ríomh, i gcás ina bhfuil suíomh neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa ag duine nádúrtha nó dlítheanach, i ndáil le tairseacha fógartha nó nochta agus sonraíocht bhreise ar na critéir agus na fachtóirí lena chinneadh faoina bhfuil teagmhas dochrach nó athrú dochrach ag cruthú baol tromchúiseach don chobhsaíocht airgeadais nó do mhuintín an phobail as an margadh i mBallstát nó san Aontas.
- (35) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar cé chomh hoiriúnach is atá na tairseacha tuairiscithe agus nochta dá bhforáiltear, ar fheidhmiú na srianta agus na gceanglas a bhaineann le trédhearcacht na nglansuíomhanna gearra agus faoina bhfuil aon srianta eile nó coinníollacha eile iomchuí a d'fhéadfaí a chur ar dhíol folamh nó ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa.
- (36) Cé gur fearr na húdaráis inniúla náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe ar an margadh agus gur fearr an t-eolas a bheadh acu ina dtaobh, ní féidir an tionchar iomlán a bheidh ag na fadhbanna a bhaineann le díol folamh agus le babhtálacha mainneachtana creidmheasa a thuiscint i gceart ach i gcomhthéacs an Aontais. Is ar an gcúis sin is fearr is féidir cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach ar leibhéal an Aontais; féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (37) Ós rud é go bhfuil srianta ar dhíol folamh curtha i bhfeidhm cheana ag roinnt Ballstát agus go bhfuil foráil déanta do ghníomhartha tarmligthe agus do chaighdeáin theicniúla cheangailteacha

¹⁶ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

¹⁷ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

¹⁸ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

agus gur cheart na forálacha sin a ghlacadh sula bhféadfar an creat a thabharfar isteach a chur i bhfeidhm ar bhealach úsáideach, is gá foráil a dhéanamh do thréimhse leordhóthanach ama,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 *Raon feidhme*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hionstraimí airgeadais seo a leanas:

- (1) ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas, lena n-áirítear ionstraimí den sórt sin nuair a thrádáiltear iad lasmuigh d'ionad trádála;
- (2) díorthaigh atá leagtha amach in Iarscríbhinn I Roinn C pointí (4) go (10) de Threoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ a bhaineann le hionstraim airgeadais, nó le heisitheoir ionstraim airgeadais dá dtagraítear i mír 1, a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas, lena n-áirítear ionstraimí díorthacha den sórt sin nuair a thrádáiltear iad lasmuigh d'ionad trádála;
- (3) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag Ballstát nó ag an Aontas agus díorthaigh atá leagtha amach in Iarscríbhinn I Roinn C pointí (4) go (10) de Threoir 2004/39/CE a bhaineann le hionstraimí fiachais den sórt sin arna n-eisiúint ag Ballstát nó ag an Aontas nó a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais.

Airteagal 2 *Sainmhínithe*

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn "príomhdhéileálaí údaraithe" duine nádúrtha nó dlítheanach a shínigh conradh le heisitheoir fiachas ceannasach agus geallann an duine nádúrtha nó dlítheanach sin faoin gconradh sin déileáil mar phríomhdhéileálaí i gcás oibríochtaí an bhunmhargaidh agus an mhargaidh thánaistigh a bhaineann le fiachas arna eisiúint ag an eisitheoir sin;
 - (b) ciallaíonn "contrapháirtí lárnaigh" eintiteas a idirchuireann é féin go dlíthiúil idir contrapháirtithe sna conarthaí a thrádáiltear i margadh airgeadais amháin nó níos mó, agus ar an dóigh sin is é an ceannaitheoir é do gach díoltóir agus is é an díoltóir é do gach ceannaitheoir agus tá sé freagrach as córas imréitigh a oibriú;
 - (c) ciallaíonn "babhtáil mainneachtana creidmheasa" conradh díorthach ina n-íocann páirtí amháin táille le páirtí eile i gcomaoin cúitimh nó íocaíochta i gcás mainneachtana a

¹⁹ IO L 145, 30.4.2004, lch. 1.

dhéanann eintiteas tagartha, nó i gcás teagmhais chreidmheasa a bhaineann leis an eintiteas tagartha sin agus aon chonradh díorthach eile a bhfuil éifeacht eacnamaíoch chosúil leis;

- (d) ciallaíonn "ionstraim airgeadais" aon cheann de na hionstraimí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn C de Threoir 2004/39/CE;
- (e) ciallaíonn "Ballstát baile" do mhargadh rialáilte, do ghnólacht infheistíochta a bhfuil saoráid trádála iltaobhach á oibriú aige nó d'aon ghnólacht infheistíochta eile, an Ballstát baile don mhargadh rialáilte sin nó don ghnólacht infheistíochta sin de réir bhrí Airteagal 4(1)(20) de Threoir 2004/39/CE;
- (f) ciallaíonn "gnólacht infheistíochta" gnólacht infheistíochta de réir bhrí Airteagal 4(1)(1) de Threoir 2004/39/CE;
- (g) ciallaíonn "fiachas ceannasach" ionstraim fiachais arna eisiúint ag an Aontas, nó ag Ballstát lena n-áirítear aon aireacht, aon roinn, aon bhanc ceannais, aon ghníomhaireacht nó aon ionstraimeacht de chuid an Bhallstáit;
- (h) ciallaíonn "scairchaipiteal eisithe" maidir le cuideachta, iomlán na ngnáthscaireanna agus na scaireanna tosaíochta arna n-eisiúint ag an gcuideachta ach ní fholáíonn sé urrúis fiachais in-chomhshóite;
- (i) ciallaíonn "fiachas ceannasach eisithe":
 - (i) maidir le Ballstát, luach iomlán an fhiachais cheannasaigh arna eisiúint ag an mBallstát nó ag aon aireacht, aon roinn, aon bhanc ceannais, aon ghníomhaireacht nó aon ionstraimeacht de chuid an Bhallstáit nach bhfuil fuascailte;
 - (ii) maidir leis an Aontas, luach iomlán an fhiachais cheannasaigh arna eisiúint ag an Aontas nach bhfuil fuascailte;
- (j) ciallaíonn "gnólacht áitiúil" gnólacht dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(1) de Threoir 2004/39/CE a dhéanann déileáil thar ceann cuntais ball eile de mhargadh nó a dhéanann praghsanna dóibh;
- (k) ciallaíonn "gníomhaíocht chruthaithe margaidh" gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 15(1);
- (l) ciallaíonn "saoráid trádála iltaobhach" córas iltaobhach de réir bhrí Airteagal 4(1)(15) de Threoir 2004/39/CE;
- (m) ciallaíonn "ionad príomha" a bhaineann le scair, an t-ionad ina dtrádáiltear an scair sin ag an láimhdeachas is airde;
- (n) ciallaíonn "margadh rialáilte" córas iltaobhach de réir bhrí Airteagal 4(1)(14) de Threoir 2004/39/CE;
- (o) ciallaíonn "údarás inniúil iomchuí":

- (i) maidir le fiachas ceannasach Ballstáit nó le babhtáil mainneachtana creidmheasa a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit, údarás inniúil an Bhallstáit sin;
 - (ii) maidir le fiachas ceannasach an Aontais nó le babhtáil mainneachtana creidmheasa a bhaineann le hoibleagáid de chuid an Aontais, an t-údarás atá inniúil sa dlínse inar bunaíodh an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais;
 - (iii) maidir le hionstraim airgeadais seachas ionstraim dá dtagraítear i bpointí (i) nó (ii), an t-údarás inniúil don ionstraim airgeadais sin mar a shainítear in Airteagal 2(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1287/2006 ón gCoimisiún agus a chinntítear i gcomhréir le Caibidil III den Rialachán sin;
 - (iv) maidir le hionstraim airgeadais nach bhfuil folaithe faoi phointí (i), (ii) nó (iii), údarás inniúil an Bhallstáit inar ligeadh an ionstraim airgeadais isteach chun a trádála den chéad uair ar ionad trádála.
- (p) ciallaíonn "díol folamh" maidir le scair nó le fiachas, aon díol den scair nó den fhiachas nach bhfuil faoi úinéireacht an díoltóra tráth a dhéantar an comhaontú chun díola lena n-áirítear díol den sórt sin tráth a dhéantar an comhaontú chun díola nuair atá an scair nó an fiachas faighte ar iasacht ag an díoltóir nó nuair atá gealltanais tugtha aige go bhfaighidh sé an scair nó an fiachas ar iasacht lena s(h)eachadadh tráth na socraíochta;
 - (q) ciallaíonn "lá trádála" lá trádála de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1287/2006;
 - (r) ciallaíonn "ionad trádála" margadh rialáilte nó saoráid trádála iltaobhach san Aontas;
 - (s) ciallaíonn "láimhdeachas" scaire, láimhdeachas mar a shainítear in Airteagal 2(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1287/2006.
2. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagal 37 agus Airteagal 38, bearta lena sonraítear na sainmhínithe a leagtar síos i mír 1, go háirithe lena sonraítear nuair a mheastar go bhfuil ionstraim airgeadais faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh chun críocha an tsainmhínithe ar dhíol folamh i mír 1(p).

Airteagal 3
Suíomhanna fada agus gearra

1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur suíomh gearra a bhaineann le scairchaipiteal eisithe cuideachta nó le fiachas ceannasach eisithe Ballstáit nó an Aontais aon suíomh a thig as ceann díobh seo a leanas:
- (a) díol folamh scaire arna eisiúint ag cuideachta nó díol folamh ionstraime fiachais arna eisiúint ag an mBallstát nó ag an Aontas;
 - (b) duine nádúrtha nó dlítheanach a théann isteach in idirbheart lena gcruthaítear nó lena mbaineann ionstraim airgeadais seachas na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a) agus gurb é an éifeacht nó ceann de na héifeachtaí atá ag an idirbheart sin buntáiste airgeadais

a thabhairt don duine nádúrtha nó dlítheanach i gcás laghdú ar phraghas nó ar luach na scaire nó na hionstraime fiachais.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur suíomh fada a bhaineann le scairchaipiteal eisithe cuideachta nó le fiachas ceannasach eisithe Ballstáit nó an Aontais aon suíomh a thig as ceann díobh seo a leanas:
 - (a) sealbhú scaire arna eisiúint ag cuideachta nó sealbhú ionstraime fiachais arna eisiúint ag an mBallstát nó ag an Aontas;
 - (b) duine nádúrtha nó dlítheanach a théann isteach in idirbheart lena gcruthaítear nó lena mbaineann ionstraim airgeadais seachas na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a) agus gurb é an éifeacht nó ceann de na héifeachtaí atá ag an idirbheart sin buntáiste airgeadais a thabhairt don duine nádúrtha nó dlítheanach i gcás méadú ar phraghas nó ar luach na scaire nó na hionstraime fiachais.
3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2 áireofar aon bhabhtáil mainneachtana creidmheasa a bhaineann le hoibleagáid nó teagmhas creidmheasa a bhaineann le Ballstát nó leis an Aontas nuair a ríomhtar suíomh gearr agus suíomh fada a bhaineann le fiachas ceannasach.
4. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur glansuíomh gearr maidir le scairchaipiteal eisisithe cuideachta atá sa suíomh a fhágtar tar éis aon suíomh fada atá i seilbh duine nádúrtha nó dhlítheanaigh maidir le scairchaipiteal eisithe na cuideachta sin a asbhaint ó aon suíomh gearr atá i seilbh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh sin maidir leis an gcaipiteal sin.
5. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur glansuíomh gearr maidir le fiachas ceannasach eisithe Ballstáit nó an Aontais atá sa suíomh a fhágtar tar éis aon suíomh fada atá i seilbh duine nádúrtha nó dhlítheanaigh maidir le fiachas ceannasach eisithe Ballstáit nó an Aontais a asbhaint ó aon suíomh gearr atá i seilbh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh sin maidir leis an bhfiachas céanna.
6. Is do gach Ballstát ar leith nó don Aontas a bheidh an ríomh faoi mhíreanna 1 go 5 le haghaidh fiachais cheannasaigh fiú má eisiónn eintitis ar leithligh laistigh den Bhallstát nó den Aontas fiachas ceannasach thar ceann an Bhallstáit nó thar ceann an Aontais.
7. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, bearta a ghlacadh lena sonrúfar an méid seo a leanas:
 - (a) cás ina meastar go bhfuil scair nó ionstraim fiachais i seilbh duine nádúrtha nó dhlítheanaigh chun críocha mhír 2;
 - (b) cásanna ina bhfuil glansuíomh gearr ag duine nádúrtha nó dlítheanach chun críocha mhíreanna 4 agus 5 agus modh ríofa an tsuímh;
 - (c) modh ríofa suíomhanna chun críocha mhíreanna 3, 4 agus 5 nuair atá suíomhanna fada nó gearra ag eintitis dhifriúla i ngrúpa nó ar mhaithe le gníomhaíochtaí bainistíochta ciste a bhaineann le cistí ar leithligh.

Airteagal 4

Suíomh neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa

1. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go bhfuil suíomh neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais ag duine nádúrtha nó dlítheanach, a mhéid is nach bhfónann an bhabhtáil mainneachtana creidmheasa sin d'fhálú a dhéanamh in aghaidh riosca mainneachtana an eisiheora i gcás ina bhfuil suíomh fada i bhfiachas ceannasach an eisiheora sin nó aon suíomh fada i bhfiachas eisiheora ag an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil comhghaol ard idir phraghas an fhiachais agus phraghas oibleagáid Ballstáit nó an Aontais. I gcás páirtí atá faoi bhabhtáil mainneachtana creidmheasa a bhfuil dualgas air an íocaíocht a dhéanamh nó an cúiteamh a íoc i gcás mainneachtana nó i gcás teagmhais chreidmheasa a bhaineann leis an eintiteas tagartha, ní chiallaíonn an oibleagáid sin go bhfuil suíomh neamhurráithe aige chun críocha na míre seo.
2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, bearta a ghlacadh lena sonrú an méid seo a leanas:
 - (a) cásanna ina meastar gurb ionann babhtáil mainneachtana creidmheasa agus fálú in aghaidh riosca mainneachtana, chun críocha mhír 1, agus an modh ríofa do shuíomh neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa chun críocha na míre sin;
 - (b) modh ríofa suíomhanna chun críocha mhír 1 nuair atá suíomhanna fada nó gearra ag eintitis dhifriúla i ngrúpa nó ar mhaithe le gníomhaíochtaí bainistíochta ciste a bhaineann le cistí ar leithligh.

CAIBIDIL II

TRÉDHEARCACHT GLANSUÍOMHANNA GEARRA

Airteagal 5

Glansuíomhanna gearra tábhachtacha i scaireanna a fhógairt d'údaráis inniúla

1. Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil glansuíomh gearr aige maidir le scairchaipiteal eisihe cuideachta a bhfuil scaireanna aici a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála fógra a thabhairt don údarás inniúil iomchuí nuair a shroicheadh an suíomh tairseach fógartha ábhartha nó nuair a thiteann sé faoi bhun na tairsí sin dá dtagraítear i mír 2.
2. Is éard is tairseach fógartha ábhartha ann céatadán atá cothrom le 0.2 % de luach scairchaipiteal eisihe na cuideachta lena mbaineann agus gach 0.1 % os a chionn sin.
3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, na tairseacha dá dtagraítear i mír 2 a mhodhnú, ach aird a thabhairt ar na forbairtí sna margaí airgeadais.

Airteagal 6

Orduithe folmha ar ionad trádála a mharcáil

I gcás ionad trádála a bhfuil scaireanna ligthe isteach chun a dtrádála air, bunóidh sé nósanna imeachta lena n-áiritheofar go ndéanfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil orduithe á ndéanamh acu ar an ionad trádála orduithe díola a mharcáil mar orduithe folmha má tá an díoltóir i mbun díola fholaimh ar an scair. Foilseoidh an t-ionad trádála a choimre laethúil ar a laghad ar líon na n-orduithe a marcáladh mar orduithe folmha.

Airteagal 7

Glansuíomhanna gearra tábhachtacha i scaireanna a nochtadh don phobal

1. Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil glansuíomh gearr aige maidir le scairchaipiteal eisithe cuideachta a bhfuil scaireanna aici a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála mionsonraí a bhaineann leis an suíomh a fhoilsiú don phobal tráth ar bith a shroicheann an suíomh tairseach foilsithe ábhartha nó nuair a thiteann sé faoi bhun na tairsí sin dá dtagraítear i mír 2.
2. Is éard is tairseach foilsithe ábhartha ann céatadán atá cothrom le 0.5 % de luach scairchaipiteal eisithe na cuideachta lena mbaineann agus gach 0.1 % os a chionn sin.
3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, na tairseacha dá dtagraítear i mír 2 a mhodhnú, ach aird a thabhairt ar na forbairtí sna margaí airgeadais.

Airteagal 8

Glansuíomhanna gearra tábhachtacha i bhfiachas ceannasach agus i mbabhtálacha mainneachtana creidmheasa a fhógairt d'údaráis inniúla

1. Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil aon cheann de na suíomhanna seo a leanas aige fógra a thabhairt don údarás inniúil iomchuí tráth ar bith a shroicheann suíomh den sórt sin tairseach fógartha iomchuí nó a thiteann sé faoi bhun na tairsí sin i leith an Bhallstáit lena mbaineann nó i leith an Aontais:
 - (a) glansuíomh gearr a bhaineann le fiachas ceannasach eisithe Ballstáit nó an Aontais;
 - (b) suíomh neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais.
2. Beidh túsmeid agus leibhéil incriminteacha bhreise ina dhiaidh sin maidir le gach Ballstát agus leis an Aontas sna tairseacha fógartha iomchuí, mar a shonraítear sna bearta a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 3.
3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, na méideanna agus na leibhéil incriminteacha dá dtagraítear i mír 2 a shonrú. Cuirfear na heilimintí ar fad a leanas san áireamh ann:
 - (a) ní shocrófar na tairseacha ag leibhéal a d'éileodh suíomhanna nach bhfuil ach luach íosta orthu a fhógairt;

- (b) luach iomlán an fhiachais cheannasaigh eisithe gan íoc i leith gach Ballstáit agus an Aontais agus meánmhéid na suíomhanna atá i seilbh rannpháirtithe sa mhargadh a bhaineann le fiachas ceannasach an Bhallstáit sin nó an Aontais.

Airteagal 9
An modh fógartha agus nochtadh

1. Leagfar amach in aon fhógra nó in aon nochtadh faoi Airteagail 5, 7 nó 8 mionsonraí a bhaineann le céannacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil an suíomh iomchuí aige, méid an tsuímh iomchuí, an t-eisitheoir a bhfuil an suíomh iomchuí á shealbhú i ndáil leis agus an dáta ar cruthaíodh nó ar athraíodh an suíomh iomchuí nó ar scoireadh dá shealbhú.
2. 12.00 p.m. lá na trádála ar a bhfuil an suíomh iomchuí ag an duine nádúrtha nó dlítheanach is ea an t-am iomchuí le glansuíomh gearr a ríomh. Ní dhéanfar an fógra ná an nochtadh níos deireanaí ná 3.30 p.m. an chéad lá trádála eile.
3. Déanfar faisnéis a nochtadh don údarás inniúil iomchuí i gcomhréir leis an gcóras a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1287/2006.
4. Déanfar an nochtadh poiblí faisnéise a leagtar amach in Airteagal 7 ar shlí lena n-áiríteofar rochtain thapa ar fhaisnéis ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil don mheicníocht a ceapadh go hoifigiúil i mBallstát baile eisitheoir na scaireanna dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.
5. Déanfar cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin rialála theicniúla lena sonrú mionsonraí na faisnéise a bheidh le soláthar chun críocha mhír 1 a ghlacadh.

Glacfar na caighdeáin rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagail [7 go 7d] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA].

Cuirfidh an ESMA dréachtchaighdeáin rialála theicniúla faoi bhráid an Choimisiúin faoin [31 Nollaig 2011] ar a dhéanaí.

6. Ar mhaithe lena áirithiú go dtabharfar coinníollacha aonfhoirmeacha i gcur i bhfeidhm chumhachtaí mhír 4 don Choimisiún chun caighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrú na bealaí trína bhféadfar faisnéis a nochtadh don phobal a ghlacadh.

Glacfar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagal [7e] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA].

Cuirfidh an ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [31 Nollaig 2011] ar a dhéanaí.

²⁰ IO L 390, 31.12.2004, lch. 38.

Airteagal 10
Cur i bhfeidhm lasmuigh den Aontas

Beidh feidhm ag na ceanglais a bhaineann le fógra agus le nochtadh faoi Airteagail 5, 7 agus 8 maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas.

Airteagal 11
Faisnéis le tabhairt don ESMA

1. Tabharfaidh na húdaráis inniúla faisnéis i bhfoirm achoimre don ESMA ar bhonn ráithiúil maidir le glansuíomhanna gearra a bhaineann le scaireanna nó le fiachas ceannasach, agus suíomhanna neamhurráithe a bhaineann le babhtálacha mainneachtana creidmheasa, arb é an t-údarás inniúil iomchuí dóibh é agus faoina bhfaigheann sé fógraí faoi Airteagail 5 go 8.
2. Ar mhaithe lena dhualgais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh an ESMA faisnéis bhreise a iarraidh ar údarás inniúil iomchuí Ballstáit maidir le glansuíomhanna gearra a bhaineann le scaireanna nó le fiachas ceannasach nó maidir le suíomhanna neamhurráithe a bhaineann le babhtálacha mainneachtana creidmheasa.

Déanfaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar don ESMA taobh istigh de sheacht lá féilire ar a dhéanaí.

CAIBIDIL III
DÍOL FOLAMH NEAMHURRAITHE

Airteagal 12
Srianta ar dhíol folamh neamhurráithe

1. Ní fhéadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach díol folamh a dhéanamh ar scair a ligtear isteach chun a trádála ar ionad trádála ná díol folamh a dhéanamh ar fhiachas ceannasach ach amháin i gcás ina gcomhalltar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an scair nó an fiachas ceannasach faighte ar iasacht ag an duine nádúrtha nó dlítheanach;
 - (b) tá comhaontú déanta ag an duine nádúrtha nó dlítheanach chun an scair nó an fiachas ceannasach a fháil ar iasacht;
 - (c) tá socrú déanta ag an duine nádúrtha nó dlítheanach le tríú páirtí faoina bhfuil sé dearbhaithe ag an tríú páirtí sin go bhfuil an scair nó an fiachas ceannasach aimsithe agus curtha in áirithe chun iasachtaithe don duine nádúrtha nó dlítheanach ionas go bhféadfar an tsocraíocht a dhéanamh nuair a bheidh sé dlite.
2. Ar mhaithe le coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun mír 1 a chur i bhfeidhm, tugtar cumhachtaí don Choimisiún chun caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh lena

n-aithneofar na cineálacha comhaontuithe nó socruithe lena n-áirithítear go leormhaith go mbeidh an scair nó an fiachas ceannasach ar fáil tráth na socraíochta.

Cuirfidh an Coimisiún san áireamh go háirithe an gá leachtacht na margaí a chaomhnú, go háirithe margadh na mbannaí ceannasacha agus margaí athcheannaigh bannaí ceannasacha (margaí repo).

Glacfar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagal [7e] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA].

Cuirfidh an ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [1 Eanáir 2012] ar a dhéanaí.

Airteagal 13

Nósanna imeachta ceannach isteach agus fíneálacha i gcás socraíochta deireanaí

1. Áiritheoidh ionad trádála a bhfuil scaireanna nó fiachas ceannasach ligthe isteach air chun a dtrádála go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige, nó ag an gcontrapháirtí lárnach a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh don ionad trádála, a chomhlíonann gach ceann de na ceanglais seo a leanas:
 - (a) i gcás ina ndíolann duine nádúrtha nó dlítheanach scaireanna nó fiachas ceannasach ar an ionad agus nach féidir leis an duine sin na scaireanna nó an fiachas ceannasach a sheachadadh le haghaidh socraíochta laistigh de cheithre lá trádála tar éis an lá ar a dtarlaíonn an trádáil, nó laistigh de shé lá trádála tar éis an lá ar a dtarlaíonn an trádáil i gcás gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh, déanfar nósanna imeachta a sheoladh go huathoibríoch chun go gceannóidh an t-ionad trádála nó an contrapháirtí lárnach na scaireanna nó an fiachas ceannasach isteach lena áirithiú go seachadfar iad don tsocraíocht;
 - (b) i gcás nach féidir leis an ionad trádála nó an contrapháirtí lárnach na scaireanna nó an fiachas ceannasach a cheannach isteach lena s(h)eachadadh íocfaidh an t-ionad trádála nó an contrapháirtí lárnach cúiteamh airgid leis an gceannaitheoir agus beidh an cúiteamh sin bunaithe ar luach na scaireanna nó an fhiachais a bheidh le seachadadh ar dháta an tseachadta móide suim airgid i gcomhair aon chaillteanais a thabhóidh an ceannaitheoir;
 - (c) má theipeann ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach idirbheart a shocrú, íocfaidh sé suim airgid leis an ionad trádála nó leis an gcontrapháirtí lárnach chun an t-ionad trádála nó an contrapháirtí lárnach a aisíoc as na suimeanna ar fad a íocadh de bhun phointí (a) agus (b).
2. Déanfaidh ionad trádála a bhfuil scaireanna nó fiachas ceannasach aige a ligtear isteach chun a dtrádála a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige, nó go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm don chóras socraíochta a sholáthraíonn seirbhísí socraíochta le haghaidh na scaireanna nó an fhiachais cheannasaigh, lena n-áirithítear i gcás ina dteipeann ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ag díol scaireanna nó fiachas ceannasach ar an ionad na scaireanna nó an fiachas ceannasach sin a sheachadadh le haghaidh socraíochta faoin dáta ar a bhfuil an tsocraíocht dlite, beidh an duine nádúrtha nó dlítheanach sin faoi réir oibleagáide íocaíochtaí

laethúla a dhéanamh leis an ionad trádála nó leis an gcóras socraíochta i leith gach aon lá a leanfar den teip sin.

Beidh na híocaíochtaí laethúla ard a ndóthain ionas nach gceadófar don díoltóir brabús a dhéanamh ós rud é gur teipeadh ar an tsocraíocht agus go mbeidh siad mar bhac ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a theipeann orthu idirbheart a shocrú.

3. Beidh rialacha i bhfeidhm ag ionad trádála a bhfuil scaireanna nó fiachas ceannasach aige a ligtear isteach chun a dtrádála ionas go mbeidh sé in ann cosc a chur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ina bhall den ionad trádála díol folamh breise a dhéanamh ar scaireanna nó ar fiachas ceannasach ar an ionad trádála sin fad is a theipeann ar an duine sin idirbheart a thagann as díol folamh ar an ionad trádála sin a shocrú.

CAIBDIL IV DÍOLÚINTÍ

Airteagal 14

Díolúine i gcás ina bhfuil an t-ionad príomha trádála lasmuigh den Aontas

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5, 7, 12 agus 13 maidir le scaireanna cuideachta a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas i gcás ina bhfuil ionad príomha trádála na scaireanna lonnaithe i dtír lasmuigh den Aontas.
2. Déanfaidh an t-údarás inniúil iomchuí do scaireanna cuideachta a thrádáiltear ar ionad trádála san Aontas agus ar ionad lasmuigh den Aontas a chinneadh, gach dara bliain ar a laghad, an bhfuil nó nach bhfuil ionad príomha trádála na scaireanna sin lonnaithe lasmuigh den Aontas.

Tabharfaidh an t-údarás inniúil iomchuí fógra don ESMA faoi aon scaireanna den sórt sin a bhfuil sé aitheanta ina leith go bhfuil an t-ionad príomha lonnaithe lasmuigh den Aontas.

Gach dara bliain, foilseoidh an ESMA liosta na scaireanna dá bhfuil an t-ionad príomha lonnaithe lasmuigh den Aontas. Beidh éifeacht leis an liosta ar feadh tréimhse dhá bhliain.

3. Tabharfar cumhachtaí don Choimisiún chun caighdeáin rialála theicniúla a ghlacadh lena sonrú an modh chun an láimhdeachas a ríomh lena gcinneadh ionad príomha trádála scaire.

Glacfar na caighdeáin rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagail [7 go 7d] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA].

Cuirfidh an ESMA dréachtchaighdeáin rialála theicniúla faoi bhráid an Choimisiúin faoin [31 Nollaig 2011] ar a dhéanaí.

4. Ar mhaithe le coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 agus 2 tabharfar cumhachtaí don Choimisiún chun caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh leis an méid seo a leanas a chinneadh:
 - (a) an dáta a ndéanfar aon ríomh ar ionad príomha scaire agus an tréimhse lena mbainfidh aon ríomh den sórt sin;

- (b) an dáta faoina dtabharfaidh an t-údarás inniúil iomchuí fógra don ESMA faoi na scaireanna sin i gcás ina bhfuil an t-ionad príomha lasmuigh den Aontas;
- (c) an dáta óna mbeidh éifeacht leis an liosta tar éis a fhoilsiú ag an ESMA.

Glacfar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagal [7e] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA].

Cuirfidh an ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [31 Nollaig 2011] ar a dhéanaí.

Airteagal 15

Díolúine i leith oibríochtaí cruthaithe margaidh agus oibríochtaí an bhunmhargaidh

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5, 6, 7, 8 agus 12 maidir le gníomhaíochtaí gnólachta infheistíochta nó eintitis tríú tíre nó gnólachta áitiúil atá ina bhall d'ionad trádála nó de mhargadh i dtríú tír, i gcás inar dearbhaíodh go bhfuil creat dlíthiúil agus maoirseachta na tíre sin comhionann de bhun mhír 2, agus go ndéileálann sé mar phríomhdhéileálaí in ionstraim airgeadais, is cuma an ar ionad trádála nó lasmuigh d'ionad trádála a dhéantar an trádáil, i gceann amháin nó sa dá cheann de na cáileanna seo a leanas:
 - (a) trí bhíthin luachanna daingne agus iomaíochta ceannaigh agus díola ar mhéid inchomparáide a thabhairt le fios an tráth céanna, agus ar a mbeidh an toradh leachtacht a sholáthar ar bhonn rialta agus leanúnach ar an margadh;
 - (b) mar chuid dá ghnó laethúil, trí bhíthin orduithe arna dtionscnamh ag na cliaint a chomhall nó mar fhreagairt ar iarrataí na gcliánt ar thrádáil, agus trí shuíomhanna a eascraíonn as na bearta sin a fhálú.
2. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39(2), cinntí a ghlacadh lena gcinnfear go n-áirithíonn creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tíre go bhfuil margadh atá údaraithe sa tríú tír sin ag comhlíonadh na gceanglas atá ceangailteach de réir an dlí, i gcás ina bhfuil na ceanglais sin, ar mhaithe leis an díolúine atá leagtha amach i mír 1 a chur i bhfeidhm, comhionann leis na ceanglais a thig ó Theideal III de Threoir 2004/39/CE, ó Threoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ agus ó Threoir 2004/109/CE, agus go bhfuil na ceanglais sin faoi réir maoirseachta éifeachtaí agus faoi réir a bhforfheidhmithe sa tríú tír sin.

Féadfar a mheas go bhfuil creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tíre comhionann i gcás ina gcomhallann an creat sin na coinníollacha seo a leanas:

 - (a) tá na margaí sa tríú tír sin faoi réir údaraithe agus faoi réir maoirseachta éifeachtaí agus faoi réir a bhforfheidhmithe ar bhonn leanúnach;
 - (b) tá rialacha soiléire agus trédhearcacha ag na margaí maidir le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála sa chaoi is gur féidir na hurrúis sin a thrádáil ar shlí atá cóir, ordúil agus éifeachtúil agus soshanta go neamhshrianta.

²¹ IO L 96, 12.4.2003, lch. 16.

- (c) tá eisitheoirí na n-urrús faoi réir ceanglas faisnéise tréimhsiúil agus leanúnach trína n-áirithítear leibhéal ard cosanta d'infheisteoirí;
- (d) áirithíonn sé trédharcacht agus sláine an mhargaidh trí dhrochúsáid mhargaidh i bhfoirm déileála cos istigh agus cúblála margaidh a chosc.
3. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 8 agus 12 maidir le gníomhaíochtaí duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, agus é ag gníomhú mar phríomhdhéileálaí údaraithe de bhun comhaontaithe le heisitheoir fiachas ceannasach, i gcás ina bhfuil sé ag déileáil i gcáil príomhdhéileálaí in ionstraim airgeadais maidir le hoibríochtaí an bhunmhargaidh agus an mhargaidh thánaistigh a bhaineann leis an bhfiachas ceannasach.
 4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5, 6, 7 agus 12 maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach i gcás ina ndéanann sé díol folamh ar urrús nó ina bhfuil glansuíomh gearr aige maidir le hoibríocht chobhsaíochta a chur i gcrích faoi Chaibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 2273/2003 ón gCoimisiún²².
 5. Ní bheidh feidhm ag na díolúintí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 ach amháin i gcás ina bhfuil fógra i scríbhinn tugtha ar dtús ag an duine nádúrtha nó dlítheanach d'údarás inniúil a Bhallstáit bhaile, faoi go bhfuil sé de rún aige leas a bhaint as an díolúine. Déanfar an fógra tráth nach déanaí ná tríocha lá féilire roimh an lá a bhfuil sé beartaithe ag an duine nádúrtha nó dlítheanach leas a bhaint as an díolúine.
 6. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile úsáid na díolúine a thoirmeasc má mheasann sé nach gcomhlíonann an duine nádúrtha nó dlítheanach coinníollacha na díolúine. Déanfar aon toirmeasc a fhorchur laistigh den tréimhse tríocha lá féilire dá dtagraítear sa mhír roimhe seo nó ina dhiaidh sin má fheiceann an t-údarás inniúil go bhfuil aon athruithe tagtha ar thosca an duine sa chaoi is nach gcomhlíonann sé na coinníollacha a thuilleadh.
 7. Déanfaidh eintiteas tríú tíre nach bhfuil údaraithe san Aontas an fógra dá dtagraítear i mír 5 a chur chuig údarás inniúil an ionaid phríomha trádála a dtrádálann sé air san Aontas.
 8. Déanfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil fógra tugtha aige faoi mhír 5 fógra i scríbhinn a chur chuig údarás inniúil a Bhallstáit bhaile a luaithe is féidir i gcás inar tharla aon athruithe a dhéanfaidh difear dá cháilitheacht maidir le leas a bhaint as an díolúine.
 9. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile faisnéis i scríbhinn a iarraidh ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ag feidhmiú faoi na díolúintí atá leagtha amach i míreanna 1, 3 nó 4 a bhaineann le suíomhanna gearra a shealbhú nó le gníomhaíochtaí a dhéantar faoin díolúine. Cuirfidh an duine nádúrtha nó dlítheanach an fhaisnéis ar fáil tráth nach déanaí ná ceithre lá féilire ón lá a dhéantar an iarraidh.
 10. Laistigh de dhá sheachtain ón bhfógra a thabhairt i gcomhréir le míreanna 5 nó 8, cuirfidh an t-údarás inniúil iomchuí fógra chuig an ESMA maidir le haon chruthaitheoirí margaidh agus aon phríomhdhéileálaithe údaraithe atá ag baint leasa as an díolúine agus maidir le haon chruthaitheoirí margaidh agus aon phríomhdhéileálaithe údaraithe nach bhfuil ag baint leasa as an díolúine a thuilleadh.

²² IO L 336, 23.12.2003, lch. 33.

11. Foilseoidh an ESMA, ar a shuíomh gréasáin, liosta de na cruthaitheoirí margaidh agus de na príomhdhéileálaithe údaraithe atá ag baint leasa as an díolúine agus coimeádfaidh sé an liosta sin chun dáta.

CAIBIDIL V

CUMHACHTAÍ IDIRGHABHÁLA NA nÚDARÁS INNIÚIL AGUS AN ESMA

Roinn 1

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

Airteagal 16

Nochtadh i gcásanna eisceachtúla

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit a cheangal ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil glansuíomhanna gearra acu maidir le hionstraim airgeadais shonrach nó maidir le haicme d'ionstraimí airgeadais an méid sin a fhógairt nó mionsonraí an tsuímh a nochtadh don phobal tráth ar bith a shroicheann an suíomh tairseach fógartha a bheidh socraithe ag an údarás inniúil, nó tráth ar bith a thiteann sé faoi bhun na tairsí sin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:
 - (a) tá teagmhais dhochracha nó athruithe dochracha ann atá ina mbaol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh sa Bhallstát nó i mBallstát amháin eile nó i mBallstáit eile;
 - (b) tá gá leis an mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hionstraimí airgeadais a bhfuil trédhearcacht de dhíth cheana i ndáil leo faoi Airteagail 5 go 8 de Chaibidil II.

Airteagal 17

Srianta ar dhíol folamh agus ar idirbhearta cosúla i gcásanna eisceachtúla

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit an beart dá dtagraítear i míreanna 2 nó 3 a dhéanamh, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:
 - (a) tá teagmhais dhochracha nó athruithe dochracha ann atá ina mbaol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh sa Bhallstát nó i mBallstát amháin eile nó i mBallstáit eile;
 - (b) tá gá leis an mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin.
2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit toirmeasc a chur ar na hidirbhearta seo a leanas nó coinníollacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha agus na hidirbhearta seo a leanas á ndéanamh acu:
 - (a) díol folamh;

- (b) idirbheart seachas díol folamh trína gcruthaítear, nó a bhaineann le, ionstraim airgeadais agus gurb é an éifeacht nó ceann de na héifeachtaí atá ag an idirbheart sin buntáiste airgeadais a thabhairt don duine nádúrtha nó dlítheanach i gcás laghdú ar phraghas nó ar luach ionstraime airgeadais eile.
3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit cosc a chur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha idirbhearta a dhéanamh maidir le hionstraimí airgeadais nó an luach atá ar na hidirbhearta san ionstraim airgeadais ar féidir a dhéanamh a theorannú.
4. Féadfaidh feidhm a bheith le beart faoi mhíreanna 2 nó 3 maidir le hidirbhearta a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais ar fad, le hionstraimí airgeadais in aicme shonrach nó le hionstraim airgeadais shonrach. Féadfaidh feidhm a bheith leis an mbeart i dtosca áirithe nó a bheith faoi réir eisceachtaí a bheidh sonraithe ag an údarás inniúil iomchuí. Féadfar eisceachtaí a shonrú go háirithe chun feidhm a bheith leo maidir le gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh agus le gníomhaíochtaí an bhunmhargaidh.

Airteagal 18

Srianta ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa i gcásanna eisceachtúla

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit srian a chur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha babhtáil mainneachtana creidmheasa a dhéanamh a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais nó teorainn a chur le luach na suíomhanna neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa is féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanamh agus a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais, i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:
- (a) tá teagmhais dhochracha nó athruithe dochracha ann atá ina mbaol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhúinín an phobail as an margadh sa Bhallstát nó i mBallstát amháin eile nó i mBallstáit eile;
- (b) tá gá leis an mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin.
2. Féadfaidh feidhm a bheith le beart faoi mhír 1 maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa d'aicme shonrach nó le hidirbhearta sonracha de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa. Féadfaidh feidhm a bheith leis an mbeart i dtosca áirithe nó a bheith faoi réir eisceachtaí a bheidh sonraithe ag an údarás inniúil. Féadfar eisceachtaí a shonrú go háirithe chun feidhm a bheith leo maidir le gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh agus le gníomhaíochtaí an bhunmhargaidh.

Airteagal 19

Cumhacht chun srian sealadach a chur le díol folamh ionstraimí airgeadais i gcás titim shuntasach ar an bpraghas

1. I gcás ina dtiteann an praghas atá ar ionstraim airgeadais ar ionad trádála i lá amháin trádála de réir an luacha dá dtagraítear i mír 4 ó phraghas scoir ar an ionad sin an lá trádála roimhe sin, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit bhaile don ionad sin a mheas arb iomchuí toirmeasc nó srian a chur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha díol folamh a dhéanamh ar an ionstraim airgeadais sin ar an ionad trádála sin nó srian a chur ar idirbhearta san ionstraim airgeadais sin ar an ionad trádála sin ar mhaithe le laghdú mí-ordúil ar phraghas na hionstraime airgeadais a sheachaint.

I gcás inar deimhin leis an údarás inniúil, faoin gcéad fhomhír, gur iomchuí é a dhéanamh amhlaidh, cuirfidh sé toirmeasc nó srian, i gcás scaire nó fiachais, díol folamh a dhéanamh ar ionad trádála nó, i gcás cineál eile ionstraim airgeadais, cuirfidh sé srian ar idirbhearta san ionstraim airgeadais sin ar an ionad trádála sin.

2. Beidh feidhm leis an mbeart ar feadh tréimhse nach rachaidh thar dheireadh an lae trádála i ndiaidh an lae trádála ar a dtarlaíonn an titim i bpraghas.
3. Beidh feidhm leis an mbeart i dtosca áirithe nó beidh sé faoi réir eisceachtaí a bheidh sonraithe ag an údarás inniúil. Féadfar eisceachtaí a shonrú go háirithe chun feidhm a bheith leo maidir le gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh agus le gníomhaíochtaí an bhunmhargaidh.
4. 10 % nó os a chionn a bheidh sa titim i luach i gcás scaire ach, i gcás aicmí eile d'ionstraimí airgeadais, beidh an tsuim sin le sonrú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, an titim i luach ar ionstraimí airgeadais seachas scaireanna a shonrú, ach aird a thabhairt ar na sainiúlachtaí a bhaineann le gach aicme d'ionstraimí airgeadais.

5. Tarmligtear cumhachtaí chuig an gCoimisiún chun caighdeáin rialála theicniúla a ghlacadh lena sonrú an modh ríofa don titim 10 % ar scaireanna agus don titim i luach a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún mar a thagraítear dó i mír 4.

Glacfar na caighdeáin rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagail [7 go 7d] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA].

Cuirfidh an ESMA dréachtchaighdeáin rialála theicniúla faoi bhráid an Choimisiúin faoin [31 Nollaig 2011] ar a dhéanaí.

Airteagal 20 *Fad na srianta*

Beidh aon bhearta a fhorchuirtear faoi Airteagail 16 go 18 bailí ar feadh tústréimhse nach faide ná trí mhí ón dáta a fhoilsítear an fógra dá dtagraítear in Airteagal 21.

Féadfar aon bheart den sórt sin a athnuachan do thréimhsí breise nach faide ná trí mhí ag aon amháin.

Airteagal 21 *Fógra maidir le srianta*

1. Foilseoidh údarás inniúil ar a shuíomh gréasáin aon fhógra maidir le haon chinneadh faoi aon bheart dá dtagraítear in Airteagail 16 go 19 a fhorchur nó a athnuachan.
2. Sonrófar ar a laghad na mionsonraí seo a leanas san fhógra:
 - (a) na bearta arna bhforchur lena n-áirítear na hionstraimí agus aicme na n-idirbhearta a bhfuil feidhm acu maidir leo agus ré na mbearta;

- (b) na cúiseanna a chreideann an t-údarás inniúil ar ghá na bearta a fhorchur, lena n-áirítear fianaise a thacaíonn leis na cúiseanna.
3. Beidh éifeacht le beart faoi Airteagail 16 go 19 a luaithe a fhoilseofar an fógra nó tráth i ndiaidh a fhoilsithe a bheidh sonraithe san fhógra agus ní bheidh feidhm leis ach maidir le hidirbheart a dhéanfar tar éis don bheart teacht i bhfeidhm.

Airteagal 22
Fógra don ESMA agus d'údaráis inniúla eile

1. Sula ndéanfar aon bheart a fhorchur nó a athnuachan faoi Airteagail 16, 17 nó 18 agus sula bhforchuirfear aon srian faoi Airteagal 19, tabharfaidh údarás inniúil fógra don ESMA agus d'údaráis inniúla eile faoin mbeart atá beartaithe aige.
2. Áireofar san fhógra mionsonraí na mbeart atá beartaithe, aicme na n-ionstraimí airgeadais agus idirbhearta a bhfuil feidhm acu maidir leo, an fhianaise a thacaíonn leis na cúiseanna sin agus an dáta a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis na bearta.
3. Déanfar togra maidir le beart a fhorchur nó a athnuachan faoi Airteagail 16, 17 agus 18 a fhógairt 24 uair an chloig ar a laghad roimh an am a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis an mbeart sin nó go ndéanfar é a athnuachan. Féadfaidh údarás inniúil, i gcásanna eisceachtúla, fógra níos giorra ná 24 uair an chloig roimh an am a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis an mbeart sin a thabhairt i gcás nach féidir fógra 24 uair an chloig a thabhairt. Déanfar fógra faoi Airteagal 19 roimh an am a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis an mbeart.
4. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit a fhaigheann fógra faoin Airteagal seo bearta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 16 go 19 sa Bhallstát sin i gcás inar deimhin leis an údarás inniúil sin go bhfuil gá leis an mbeart chun tacú leis an údarás inniúil eile. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra freisin i gcomhréir le míreanna 1 go 3 i gcás ina bhfuil sé beartaithe aige bearta a dhéanamh.

Roinn 2
Cumhachtaí an ESMA

Airteagal 23
Comhordú á dhéanamh ag an ESMA

1. Beidh ról éascaithe agus comhordaithe ag an ESMA maidir leis na bearta a dhéanann údaráis inniúla faoi Roinn 1. Áiritheoidh an ESMA, go háirithe, go nglacfaidh na húdaráis inniúla cur chuige comhsheasmhach maidir leis na bearta faoi Roinn 1, go háirithe maidir leis na tráthanna is gá leas a bhaint as cumhachtaí idirghabhála faoi Roinn 1, na cineálacha beart a fhorchuirtear agus tús agus ré na mbeart.
2. Tar éis fógra a fháil faoi Airteagal 22 maidir le haon bheart is gá a fhorchur nó a athnuachan faoi Airteagail 16, 17 nó 18, eiseoidh an ESMA tuairim, taobh istigh de 24 uair an chloig, faoina measann sé ar gá an beart nó an beart atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar chás eisceachtúil. Tabharfar le fios sa tuairim ón ESMA a thuairim faoina bhfuil teagmhais dhochrocha nó athruithe dochrocha tagtha chun cinn a bheadh ina mbaol tromchúiseach do

chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an phobail as an margadh i mBallstát amháin nó níos mó, faoina bhfuil an beart nó an beart atá beartaithe cuí agus comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin agus faoina bhfuil údar iomchuí leis an ré atá beartaithe do na bearta. I gcás ina measann an ESMA go bhfuil gá le beart ó údaráis inniúla eile chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol, tabharfaidh sé an méid sin le fios freisin sa tuairim uaidh. Foilseofar an tuairim ar shuíomh gréasáin an ESMA.

3. I gcás ina mbeartaíonn údarás inniúil bearta a dhéanamh nó ina ndéanann sé bearta atá contrártha don tuairim ón ESMA faoi mhír 2 nó i gcás ina ndiúltaíonn sé bearta a dhéanamh atá contrártha don tuairim ón ESMA faoin mír sin foilseoidh sé an méid sin láithreach ar a shuíomh gréasáin agus tabharfaidh sé míniú cuimsitheach ar na cúiseanna atá aige leis.

Airteagal 24

Cumhachtaí idirghabhála an ESMA

1. I gcomhréir le hAirteagal [6a(5)] de Rialachán (AE) Uimh. .../.... [Rialachán ESMA], déanfaidh an ESMA, i gcás ina bhfuil na coinníollacha uile i mír 2 comhlíonta, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:
 - (a) a cheangal ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil glansuíomhanna gearra acu maidir le hionstraim airgeadais shonrach nó le haicme shonrach d'ionstraimí airgeadais fógra a thabhairt d'údarás inniúil nó mionsonraí ar aon suíomh den sórt sin a nochtadh don phobal;
 - (b) toirmeasc a chur nó coinníollacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha díol folamh a dhéanamh nó idirbheart a dhéanamh trína gcruthaítear, nó a bhaineann le, ionstraim airgeadais agus gurb é an éifeacht nó ceann de na héifeachtaí atá ag an idirbheart sin buntáiste airgeadais a thabhairt don duine nádúrtha nó dlítheanach i gcás laghdú ar phraghas nó ar luach ionstraime airgeadais eile;
 - (c) srian a chur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha babhtáil mainneachtana creidmheasa a dhéanamh a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais nó teorainn a chur le luach na suíomhanna neamhurráithe i mbabhtáil mainneachtana creidmheasa is féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanamh agus a bhaineann le hoibleagáid Ballstáit nó an Aontais;
 - (d) cosc a chur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha idirbhearta a dhéanamh maidir le hionstraimí airgeadais nó an luach atá ar na hidirbhearta san ionstraim airgeadais ar féidir a dhéanamh a theorannú.

Féadfaidh feidhm a bheith leis an mbeart i dtosca áirithe nó a bheith faoi réir eisceachtaí a bheidh sonraithe ag an údarás inniúil iomchuí. Féadfar eisceachtaí a shonrú go háirithe chun feidhm a bheith leo maidir le gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh agus le gníomhaíochtaí an bhunmhargaidh.

2. Ní dhéanfaidh an ESMA Cinneadh faoi mhír 1 mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:
 - (a) tugann na bearta a liostaítear i bpointí (a) go (d) de mhír 1 aghaidh ar bhaol dochair d'fheidhmiú ordúil agus do shláine na margaí airgeadais nó do chobhsaíocht chuid den

chóras airgeadais nó an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, a bhfuil impleachtaí trasteorann leis;

- (b) ní dhearna údarás inniúil nó údaráis inniúla bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol dochair sin nó ní leor na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin.
3. Le linn don ESMA bearta dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh tabharfaidh sé aird ar an méid a chuidíonn an beart leis na nithe seo a leanas:
- (a) aghaidh suntasach a thabhairt ar an mbaol d'fheidhmiú ordúil agus do shláine na margaí airgeadais nó do chobhsaíocht chuid den chóras airgeadais nó an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, nó feabhas suntasach a dhéanamh ar chumas na n-údarás inniúil monatóireacht a dhéanamh ar an mbaol sin;
 - (b) ní chruthóidh sé riosca arbatráiste rialaithigh;
 - (c) ní bheidh éifeacht dhochrach aige ar éifeachtúlacht na margaí airgeadais, lena n-áirítear leachtacht a laghdú sna margaí sin nó neamhchinnteacht a chruthú do na rannpháirtithe sa mhargadh, atá díréireach leis na sochair a thabharfaidh an beart.

I gcás ina bhfuil beart faoi Airteagail 16, 17 nó 18 déanta ag údarás inniúil nó ag údaráis inniúla, féadfaidh an ESMA aon cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh gan an tuairim dá bhforáiltear in Airteagal 23 a thabhairt.

- 4. Sula gcinnfear aon bheart dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur nó a athnuachan, rachaidh an ESMA i gcomhairle, nuair is iomchuí, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistémach agus le húdaráis iomchuí eile.
- 5. Sula gcinnfear aon bheart dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur nó a athnuachan, tabharfaidh an ESMA fógra do na húdaráis inniúla maidir leis an mbeart atá beartaithe aige. Áireofar san fhógra mionsonraí na mbeart atá beartaithe, aicme na n-ionstraimí airgeadais agus idirbhearta a mbeidh feidhm acu maidir leo, an fhianaise a thacaíonn leis na cúiseanna sin agus an dáta a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis na bearta.
- 6. Tabharfar fógra 24 uair an chloig ar a laghad roimh an am a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis an mbeart sin nó go ndéanfar é a athnuachan. Féadfaidh an ESMA, i gcásanna eisceachtúla, an fógra níos giorra ná 24 uair an chloig roimh an am a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis an mbeart sin a thabhairt i gcás nach féidir fógra 24 uair an chloig a thabhairt.
- 7. Foilseoidh an ESMA ar a shuíomh gréasáin fógra faoi aon chinneadh maidir le haon bheart dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur nó a athnuachan. Beidh na mionsonraí seo a leanas ar a laghad sonraithe san fhógra:
 - (a) na bearta arna bhforchur lena n-áirítear na hionstraimí agus aicme na n-idirbheart a bhfuil feidhm acu maidir leo agus ré na mbeart;
 - (b) na cúiseanna lena bhfuil an ESMA den tuairim gur gá na bearta a fhorchur, lena n-áirítear an fhianaise a thacaíonn leis na cúiseanna.

8. Beidh éifeacht le beart a luaithe is a fhoilseofar an fógra nó ag tráth a bheidh sonraithe san fhógra a bheidh i ndiaidh a fhoilsithe agus ní bheidh feidhm aige ach maidir le hidirbheart a dhéanfar tar éis don bheart teacht i bhfeidhm.
9. Déanfaidh an ESMA athbhreithniú ar a bhearta dá dtagraítear i mír 1 ag idirthréimhsí iomchuí agus uair gach trí mhí ar a laghad. Mura ndéantar beart a athnuachan tar éis na tréimhse trí mhí sin, rachaidh sé in éag láithreach. Beidh feidhm ag míreanna 2 agus 8 maidir leis na bearta a athnuachan.
10. Beidh forlámhas ag beart a ghlacann an ESMA faoin Airteagal seo ar aon bheart eile a rinne údarás inniúil roimhe sin faoi Roinn 1.

Airteagal 25

Sonrú breise ar theagmhais dhochracha nó ar athruithe dochracha

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 37 agus 38, bearta a ghlacadh lena sonrófar na critéir agus na fachtóirí a bheidh ar údaráis inniúla agus ar an ESMA a chur san áireamh agus iad ag Cinneadh nuair a thiocfaidh na teagmhais dhochracha nó na hathruithe dochracha dá dtagraítear in Airteagail 16, 17, 18 agus 23 agus an baol dá dtagraítear in Airteagal 24(2)(a) chun cinn.

CAIBIDIL VI RÓL NA nÚDARÁS INNIÚIL

Airteagal 26

Údaráis inniúla

Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil chun críche an Rialacháin seo. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún, an ESMA agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin méid sin.

Airteagal 27

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

1. Ionas go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais faoin Rialachán seo, beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe ar fad a theastaíonn uathu chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú ag na húdaráis inniúla. Feidhmeoidh siad a gcuid cumhachtaí ar aon cheann de na slite seo a leanas:
 - (a) trí fheidhm dhíreach;
 - (b) i gcomhar le húdaráis eile;
 - (c) trí iarratas a chur isteach chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.
2. Ar mhaithe lena ndualgais a chomhlíonadh beidh na cumhachtaí seo a leanas ag údaráis inniúla na mBallstát, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:

- (a) rochtain a fháil ar dhoiciméad ar bith i bhfoirm ar bith agus cóip de a fháil nó a ghlacadh;
 - (b) faisnéis a éileamh ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach ar bith agus, más gá, duine a thoghairm agus ceisteanna a chur air nó uirthi d'fhonn faisnéis a fháil;
 - (c) tabhairt faoi chigireachtaí ar an láthair le fógra nó dá uireasa;
 - (d) taifid de thrácht teileafóin agus sonraí atá ann a éileamh;
 - (e) scor aon chleachtas atá contrártha d'fhorálacha an Rialacháin seo a éileamh;
 - (f) calcadh agus/nó forlámhú sócmhainní a iarraidh.
3. Beidh sé de chumhacht ag údarás inniúla na mBallstát i gcásanna aonair, gan míreanna 2(a) agus (b) a theorannú, é a chur de cheangal ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann babhtáil mainneachtana creidmheasa na heilimintí seo a leanas a chur ar fáil:
- (a) míniú faoin gcuspóir atá leis an idirbheart agus faoinar chun críocha fálaithe in aghaidh riosca nó eile atá sé;
 - (b) faisnéis lena bhfíorófar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás inar chun críocha fálaithe atá an t-idirbheart.

Airteagal 28
Fiosrúcháin an ESMA

Féadfaidh an ESMA, ar iarratas ó údarás inniúil amháin nó níos mó nó ar a thionscnamh féin, fiosrúchán a dhéanamh ar shaincheist áirithe nó ar chleachtas áirithe a bhaineann le díol folamh nó a bhaineann le babhtálacha mainneachtana creidmheasa a úsáid chun measúnú a dhéanamh faoina bhfuil an tsaincheist nó an cleachtas ina bhaol tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais nó do mhuintín an phobail as an margadh san Aontas.

Foilseoidh an ESMA tuarascáil ina leagfar amach torthaí an fhiosrúcháin agus aon mholtaí a bhaineann leis an tsaincheist nó leis an gcleachtas.

Airteagal 29
Rúndacht ghairmiúil

1. Beidh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha uile a oibríonn nó a d'oibrigh don údarás inniúil nó d'údarás nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach ar bith a ndearna an t-údarás inniúil cúraimí a tharmligean chucu, lena n-áirítear iniúcháirí agus saineolaithe a fhostaíonn an t-údarás inniúil ar conradh. Ní fhéadfar faisnéis atá clúdaithe ag rúndacht ghairmiúil a nochtadh d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó d'údarás ar bith eile ach amháin nuair atá gá le nochtadh den chineál sin i gcomhair imeachtaí dlíthiúla.
2. Glacfar leis go bhfuil an fhaisnéis ar fad a dhéantar a mhalartú idir na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo faoi rún, ach amháin nuair a shonraíonn an t-údarás inniúil tráth na cumarsáide

gur féidir an fhaisnéis sin a nochtadh nó nuair atá gá le nochtadh den chineál sin i gcomhair imeachtaí dlíthiúla.

Airteagal 30
Oibleagáid comhair

Comhoibreoidh údaráis inniúla na mBallstát i gcás inar gá nó ar fóirsteanach chun críocha an Rialacháin seo. Tabharfaidh na húdaráis inniúla dá chéile, go háirithe, an fhaisnéis atá de dhíth chun a ndualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus déanfaidh siad sin gan aon mhoill mhíchuí.

Airteagal 31
Comhar i gcás ina n-iarrtar cigireachtaí nó imscrúduithe ar an láthair

1. Féadfaidh údarás inniúil i mBallstát amháin cúnaimh a iarraidh ar údarás inniúil i mBallstát eile i leith cigireachtaí nó imscrúduithe ar an láthair.

Cuirfidh an t-údarás inniúil an ESMA ar an eolas faoi aon iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás imscrúdaithe nó cigireachta a bhfuil éifeacht trasteorann leis nó léi, déanfaidh an ESMA an t-imscrúdú nó an chigireacht a chomhordú.

2. I gcás ina bhfaigheann údarás inniúil iarratas ó údarás inniúil i mBallstát eile chun tabhairt faoi chigireacht nó imscrúdú ar an láthair, déanfaidh sé ceann ar bith díobh seo a leanas:

- (a) tabhairt faoin gcigireacht nó imscrúdú ar an láthair as a stuaim féin;
- (b) cead a thabhairt don údarás inniúil a chuir isteach an t-iarratas páirt a ghlacadh i gcigireacht nó in imscrúdú ar an láthair;
- (c) cead a thabhairt don údarás inniúil a chuir isteach an t-iarratas tabhairt faoin gcigireacht nó imscrúdú ar an láthair as a stuaim féin;
- (d) iniúcháirí nó saineolaithe a cheapadh le tabhairt faoin gcigireacht nó faoin imscrúdú ar an láthair;
- (e) cúraimí ar leith a bhaineann le gníomhaíochtaí maoirseachta a roinnt leis na húdaráis inniúla eile.

Airteagal 32
Comhar le tríú tíortha

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla comhaontuithe comhair le húdaráis inniúla tríú tíortha maidir le faisnéis a mhalartú le húdaráis inniúla tríú tíortha, maidir le forfheidhmiú na n-oibleagáidí a thig faoin Rialachán seo i dtríú tíortha agus maidir le bearta cosúla a dhéanfaidh an t-údarás inniúil chun na bearta a dhéantar faoi Chaibidil V a chomhlánú.

Cuirfidh údarás inniúil an ESMA agus na húdaráis inniúla eile ar an eolas i gcás ina mbeartaíonn sé comhaontú den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh an ESMA forbairt comhaontuithe comhair idir údaráis inniúla na mBallstát agus na húdaráis inniúla iomchuí i dtríú tíortha a chomhordú. Chuige sin, ullmhóidh an ESMA dréachtchomhaontú a fhéadfaidh na húdaráis inniúla a úsáid.

Déanfaidh an ESMA an malartú idir na húdaráis inniúla ar fhaisnéis a fhaightear ó údaráis inniúla i dtríú tíortha agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le bearta a dhéanamh faoi Chaibidil V a chomhordú.

3. Ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla comhaontuithe comhair maidir le faisnéis a mhalartú le húdaráis inniúla tríú tíortha ach amháin i gcás ina bhfuil an fhaisnéis a nochtfar faoi réir ráthaíochtaí rúndachta gairmiúla atá comhionann ar a laghad leis na ráthaíochtaí sin a leagtar amach in Airteagal 29. Caithfidh malartú faisnéise den chineál sin a bheith beartaithe le húsáid chun cúraimí na n-údarás inniúil sin a chomhlíonadh.

Airteagal 33

Sonraí pearsanta a tharchur agus a choimeád

Maidir le sonraí pearsanta a tharchur idir Ballstáit nó idir Ballstáit agus tríú tír, cuirfidh na Ballstáit Treoir 95/46/CE i bhfeidhm. Maidir le sonraí pearsanta a tharchuireann an ESMA chuig na Ballstáit nó chuig tríú tír, comhlánfaidh an ESMA Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

Coimeádfar na sonraí go ceann uastréimhse 5 bliana.

Airteagal 34

Faisnéis a nochtadh do thríú tíortha

Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit sonraí agus anailís sonraí a tharchur chuig tríú tír i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25 nó Airteagal 26 de Threoir 95/46/CE, ar bhonn cáis ar chás amháin. Beidh údarás inniúil an Bhallstáit deimhin de gur gá na sonraí a tharchur chun críche an Rialacháin seo. Ní tharchuirfidh an tríú tír na sonraí chuig tríú tír eile gan údarú sainráite i scríbhinn a fháil ó údarás inniúil an Bhallstáit.

Ní fhéadfaidh údarás inniúil Ballstáit an fhaisnéis a fhaightear ó údarás inniúil Ballstáit eile a nochtadh d'údarás inniúil tríú tíre ach amháin más rud é go bhfuil comhaontú sainráite faighte ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann ón údarás inniúil a tharchur an fhaisnéis agus, nuair is infheidhme, go ndéantar an fhaisnéis a nochtadh chun na geríoch lenar thug an t-údarás inniúil sin a chomhaontú agus chun na geríoch sin amháin.

Airteagal 35

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le bearta riaracháin, smachtbhannaí agus pionóis airgid a bheidh infheidhme i leith shárúithe fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na bearta, na smachtbhannaí agus na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin [1 Iúil 2012] ar a dhéanaí agus cuirfidh siad fógra chuige gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

CAIBIDIL VII GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

Airteagal 36

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, ar feadh tréimhse éiginnte ama, gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 2(2), 3(7), 4(2), 5(3), 7(3), 8(3), 9(5), 14(3), 19(4), 19(5) agus 25 a ghlacadh.
2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.
3. Tá na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 38 agus Airteagal 39.

Airteagal 37

An tarmligean a chúlghairm

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 2(2), 3(7), 4(2), 5(3), 7(3), 8(3), 9(5), 14(3), 19(4), 19(5) agus 25 a chúlghairm tráth ar bith.
2. Maidir leis an institiúid a bhfuil tús curtha aici le nós imeachta inmheánach d'fhonn a chinneadh an gcúlghairfear nó nach gcúlghairfear tarmligean na gcumhachtaí, deanfaidh sí gach iarracht an institiúid eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta sula nglacfar an Cinneadh críochnaitheach, agus tabharfaidh sí le fios na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfaí a chúlghairm agus na fáthanna a bhféadfaí iad a chúlghairm.
3. Má chinntear an chúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an gCinneadh láithreach nó ar dháta níos déanaí a bheidh sonraithe ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.

Airteagal 38

Agóidí i gcoinne gníomhartha tarmligthe

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ó dháta an fhógra.

Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle cuirfear síneadh míosa leis an tréimhse sin.

2. Más rud é, nuair a thiocthaidh deireadh leis an tréimhse sin, nach ndearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é agus tíocthaidh sé i bhfeidhm ar an dáta atá sonraithe ann.

Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula dtíocthaidh deireadh leis an tréimhse sin, más rud é gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn acu agóidí a dhéanamh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne gnímh tharmligthe, ní thíocthaidh an gníomh tarmligthe i bhfeidhm. Sonróidh an institiúid atá ag déanamh na hagóide na cúiseanna atá leis an agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

Airteagal 39
Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste um Urrúis Eorpacha a bunaíodh le Cinneadh 2001/528/CE²³ ón gCoimisiún mar chúnamh ag an gCoimisiún.
2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.
3. Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

CAIBIDIL VIII
FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS
CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 40
Athbhreithniú agus tuarascáil

I bhfianaise na caibidlíochta leis na húdaráis inniúla agus leis an ESMA, déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2014, tuarascáil ar an méid seo a leanas a chur chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa:

- (a) cé chomh hoiriúnach is atá na tairseacha do thuairisciú agus nochtadh faisnéise don phobal faoi Airteagail 5, 7 agus 8;
- (b) oibriú na srianta agus na gceanglas i gCaibidil II;
- (c) aon srianta nó coinníollacha eile ar dhíol folamh nó ar bhabhtáil mainneachtana creidmheasa a bheadh oiriúnach.

²³ IO L 191, 13.7.2001, lch. 45.

Airteagal 41
Foráil idirthréimhseach

Féadfaidh na bearta atá ann cheana a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, a bhí i bhfeidhm roimh an 15 Meán Fómhair 2010, leanúint d'fheidhm a bheith leo go dtí an [1 Iúil 2013] ar choinníoll go gcuirtear fógra ina leith chuig an gCoimisiún.

Airteagal 42
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [1 Iúil 2012].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán